# Clár na nÁbhar

Leathanach

**2 Comhthéacs Pleanála agus Beartais 36**

2.1 Réamhrá 36
2.2 An Comhthéacs Eorpach 36
2.3 Cuspóirí Náisiúnta 40
2.4 Beartais, Treoir agus Cuspóirí Réigiúnacha 59
2.5 Beartais, Treoir agus Cuspóirí Áitiúla 61
2.6 Conclúid 73
2.7 Tagairtí 74

# 2 Comhthéacs Pleanála agus Beartais

## 2.1 Réamhrá

Tugtar aghaidh sa chaibidil seo ar chomhthéacs an bheartais pleanála straitéisigh agus an bheartais iompair straitéisigh le haghaidh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, dá dtagrófar ina dhiaidh seo mar an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Is é aidhm na caibidle seo an comhthéacs a leagan síos maidir leis an mbeartas pleanála agus úsáide talún straitéiseach agus reachtúil ábhartha, agus comhthéacs an bheartais iompair straitéisigh don fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Déan tagairt do **Chaibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe** áit ina bhfaighidh tú tuairisc agus forbhreathnú ar bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe.

Leagtar síos sa chaibidil seo an beartas agus na cuspóirí iompair straitéisigh reatha, agus an beartas agus na cuspóirí pleanála a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

Tá sé leagtha amach mar seo a leanas:

- Comhthéacs na hEorpa (**Cuid 2.2**)
- Cuspóirí Náisiúnta (**Cuid 2.3**)
- Beartais, Treoir agus Cuspóirí Réigiúnacha (**Cuid 2.4**)
- Beartais, Treoir agus Cuspóirí Áitiúla (**Cuid 2.5**)

Tá conclúid fhoriomlán faoin gcaoi a dtacaíonn na beartais Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe áirithe i **gCuid 2.6** agus tá tagairtí de i **gCuid 2.7**.

Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe ag teacht leis an mbeartas iompair agus leis an mbeartas pleanála reatha mar atá leagtha síos sna doiciméid beartais éagsúla le roinnt blianta anuas. Tá na mionsonraí maidir le gach ceann de na beartais agus an chaoi a gcloíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe leo sin, agus le beartais eile áitiúla agus réigiúnacha, leagtha amach thíos.

## 2.2 An Comhthéacs Eorpach

Is creat í Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe AE (AE SFI, 2001, athbhreithnithe 2009), le haghaidh fís fhadtéarmach inbhuanaitheachta ina ngabhfaidh fás eacnamaíoch, comhtháthú sóisialta agus cosaint an chomhshaoil le chéile agus ina dtacaíonn siad lena chéile. Agus beartas iompair AE á fhorbairt, luann AE ina athbhreithniú 2009 *An fhorbairt inbhuanaithe a ionchorprú i mbeartais AE: Athbhreithniú 2009 ar Straitéis an Aontais Eorpaigh don Fhorbairt Inbhuanaithe (lch 6)* go bhfuil sé riachtanach gach gné den inbhuanaitheacht a chur san áireamh (amhail astaíochtaí, torann, áitíocht talún agus bithéagsúlacht) agus aon ghníomh a bhunú ar fhís fhadtéarmach le haghaidh soghluaisteacht inbhuanaithe daoine agus

earraí a chumhdaíonn an córas iompair ina iomlán, agus ar iarrachtaí comhlántacha ar leibhéil AE, náisiúnta agus réigiúnacha.

Tiomnaíonn SFI AE ceann dá seacht ndúshlán d'iompar inbhuanaithe, agus é mar chuspóir foriomlán 'a chinntiú go gcomhlíonann ár gcórais iompair riachtanais eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil na sochaí agus go ndéantar a dtionchar míchuibhiúil ar an ngeilleagar, ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol a íoslaghdú ag an am céanna'. Áirítear le cuspóirí agus spriocanna oibríochta SFI AE:

- Fás eacnamaíoch agus an t-éileamh ar iompar a dhíchúpláil agus é mar aidhm an tionchar comhshaoil a laghdú
- Leibhéil inbhuanaithe d'úsáid fuinnimh in iompar a bhaint amach agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó iompar a laghdú
- Astaíochtaí truailleáin ó iompar a laghdú go dtí leibhéil trína n-íoslaghdaítear an tionchar ar shláinte an duine agus/nó ar an gcomhshaol
- Aistriú cothrom a bhaint amach i dtreo modhanna iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol d'fhonn córas iompair agus soghluaisteachta inbhuanaithe a bhaint amach
- Torann iompair a laghdú ag an bhfoinse agus trí bhíthin bearta maolaithe lena chinntiú go n-íoslaghdaíonn na leibhéil nochta foriomlána an tionchar ar an tsláinte
- An creat AE i gcomhair seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí a nuachóiriú d'fhonn éifeachtúlacht agus feidhmíocht níos fearr a spreagadh

Tugann an straitéis An Eoraip 2020 dhá thionscnamh shuaitheanta le chéile faoin tosaíocht maidir le fás inbhuanaithe chun dul i ngleic leis an tsaincheist maidir le hiompar inbhuanaithe:

- Tacaíonn 'An Eoraip atá éifeachtúil ar acmhainní' leis an aistriú i dtreo geilleagar íseal-charbóin atá tíosach ar acmhainní. Tugann an tionscnamh suaitheanta sin creat i gcomhair gníomhartha i gcuid mhaith réimsí beartais lena n-áirítear iompar. Ar cheann de na príomhchodanna tá treochlár ina gcuirtear fís i láthair le haghaidh córas iompair faoi 2050 ina gcuirtear teicneolaíochtaí glana chun cinn
- Aibhsítear i 'mbeartas tionsclaíoch le haghaidh na ré domhandaithe' deich bpríomhghníomh le haghaidh iomaíochas tionsclaíoch san Eoraip, lena n-áirítear bonneagar agus seirbhísí iompair níos éifeachtúla san Eoraip

Is laistigh den chomhthéacs beartais AE níos leithne seo atá an fhorbairt bóthair atá beartaithe leagtha síos. Comhlíonann an fhorbairt bóthair atá beartaithe na cuspóirí sin tríd an mbonneagar riachtanach a sholáthar chun tacú le fás eacnamaíoch na Gaillimhe agus Réigiún an Iarthair agus leis sin beifear in ann tionscadail phoiblí eile a chur i gcrích agus éascaíonn sé forfheidhmiú éifeachtach Straitéis Iompair na Gaillimhe ina gcuimsítear iompar poiblí níos fearr, bearta siúil agus rothaíochta do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird. Tá mionsonraí breise maidir leis sin i **gCaibidil 3, An Gá atá leis an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe**.

### 2.2.1 Líonra tras-Eorpach Iompartha - An Eoraip á Nascadh

Amhail ó mhí Eanáir 2014, tá beartas nua ag an Aontas Eorpach (AE) le haghaidh bonneagar iompair, dar teideal *Bonneagar - Líonra tras-Eorpach Iompartha - An Eoraip á Nascadh* ina nasctar an ilchríoch idir an tOirthear agus an tIarthar, an Tuaisceart agus an Deisceart. Tá sé mar aidhm ag an mbeartas seo deireadh a chur leis na bearnaí idir líonraí iompair na mBallstát agus deireadh a chur le scrogaill tráchta a chuireann bac ar fheidhmiú réidh an mhargaidh inmheánaigh. Aithnítear go bhfuil líonraí iompair chomhtháite riachtanach do mhargadh aonair.

Is é aidhm an bheartais iompair AE soghluaisteacht a chur chun cinn atá éifeachtúil, sábháilte, slán agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Ní hamháin go gcuireann tranglam isteach ar úsáideoirí bóithre; cuirtear a lán lán breosla agus táirgeachta amú leis freisin. Bíonn go leor próiseas déantúsaíochta ag brath ar sheachadtaí díreach in am agus ar iompar saorimeachta le haghaidh táirgeacht éifeachtúil. Cosnaíonn tranglam tráchta níos mó ná 1% de GDP do gheilleagar an AE – i mbeagán focal, níos mó ná buiséad an AE. D’fhonn é sin a laghdú, teastóidh córas iompair agus lóistíochta níos éifeachtúla ón AE, agus bonneagar níos fearr agus a bheidh in ann úsáid acmhainní a bharrfheabhsú.

Aithníonn an Coimisiún AE freisin go dteastaíonn córas iompair ón Eoraip atá níos glaine agus nach bhfuil ag brath chomh mór ar ola. Tá sé riachtanach bogadh i dtreo iompar ísealcharbóin atá níos tíosaí ar fhuinneamh, chomh maith le réitigh iompair uirbigh agus idirmhódúil níos éifeachtúla a fhorbairt mar roghanna eile d’fhonn beartas iompair níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a fhorbairt.

Cuimsítear sa bhonneagar líonra Eorpaigh (TEN-T) na príomhbhealaí iompair i ngach Ballstát le haghaidh gach modh iompair: aer, iarnród, bóthar, muirí agus uiscebhealaí intíre agus cuimsítear ann dhá shraith phleanála, is é sin an príomhlíonra iompair agus an líonra iompair cuimsitheach. Léiríonn an príomhlíonra na mórbhealaí iompair a nascann an Eoraip agus síneann sé as Éirinn go dtí an Ríocht Aontaithe agus as sin go dtí mórthír na hEorpa. Tacaíonn an líonra cuimsitheach leis an bpríomhlíonra sin. Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe rangaithe mar chuid den líonra bóthair cuimsitheach [1], TEN-T mar atá léirithe i **bPláta 2.1** thíos mar gur nasc straitéiseach é sa líonra bóthair i Réigiún an Iarthair a bhíonn ag feidhmiú de réir beartas iompair TEN-T an Aontais Eorpaigh (AE).

[1] http://ec.europa.eu/transport/infrastructure/tentec/tentec-portal/map/maps.html

**Pláta 2.1: Líonra TEN-T Éireann (Foinse: Bonneagar Iompair Éireann)**




Is iad cuspóirí na forbartha bóthair atá beartaithe a bheith ar aon dul le beartais iompair talún an Aontais Eorpaigh ag glacadh leis go bhfuil na spriocanna seo a leanas i measc chuspóirí na forbartha bóthair atá beartaithe, a gcomhlíonann a gcuid spriocanna iad sin atá leagtha síos i gcuspóirí agus spriocanna oibríochta SFI AE, mar atá leagtha amach thuas (tag.: **Caibidil 3, Cuid 3.3** den tuarascáil seo le haghaidh Cuspóirí an Tionscadail):

- Deighilt an chomhéadain de thrácht a ghabhann thart ó thrácht uirbeach
- Cinnteacht maidir leis an tréimhse taistil a mhéadú
- Tréimhsí taistil a laghdú
- Beartais iompair inbhuanaithe a chur i bhfeidhm le haghaidh comaitéireachta níos giorra
- Inrochtaineacht ar Chathair na Gaillimhe a fheabhsú chomh maith leis an gceangailteacht idir príomhsheirbhísí straitéiseacha laistigh de Chathair na Gaillimhe, mar OÉ Gaillimh agus Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh
- Inrochtaineacht limistéar uirbeach na Gaillimhe ar a phríomh-mhargaí a fheabhsú
- Ceangailteacht agus inrochtaineacht an réigiúin seo leis an margadh Eorpach aonair a chinntiú, lena n-áirítear calafort Ros an Mhíl, Aerfort Chonamara agus na ceantair Ghaeltachta atá suite laistiar ón gcathair feadh an R336
- Naisc idir codanna thiar agus thoir na cathrach agus an chontae a fheabhsú

- Inrochtaineacht na gceantar Gaeltachta chuig an gcuid eile den chontae agus den tír a fheabhsú
- Aitheantas do ról Chathair na Gaillimhe mar gheata chuig an iarthar agus Conamara, agus na buntáistí socheacnamaíocha dá bharr sin a bhainfidh le nascacht níos fearr Chathair na Gaillimhe le margaí náisiúnta, inrochtaineacht turasóireachta níos fearr, agus an córas iompair náisiúnta
- Feabhas ar an ngréasán TEN-T lena chinntiú go nascfar iarthar na hÉireann leis an margadh Eorpach aonair

Is cuid de líonra cuimsitheach bóthair TEN-T in Éirinn í an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus tá tábhacht straitéiseach léi i gcomhthéacs Eorpach toisc go bhfuil ról lárnach aige ó thaobh faoiseamh a thabhairt ó thranglam, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus comhtháthú sóisialta a neartú. Tá mionsonraí breise maidir leis sin i **gCaibidil 3, An Gá atá leis an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe**.

## 2.3 Cuspóirí Náisiúnta

### 2.3.1 Cur le Téarnamh: Plean don Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016-2021

Is éard atá sa Phlean Caipitil seo creat nua an Rialtais do bhonneagar in Éirinn thar an tréimhse 2016-2021. D'fhág geilleagar atá i mbun téarnaimh, fás post, agus airgead poiblí neartaithe go ndearna an Rialtas athbhreithniú ar a thiomantais caiteachais caipitil le haghaidh an chuid eile de na deich mbliana seo ag aithint gur *'gné thábhachtach de shochaí agus de gheilleagar nua-aimseartha é bonneagar d'ardchaighdeán. Neartaíonn sé fás eacnamaíoch trí éifeachtúlacht, táirgiúlacht agus iomaíochas a fheabhsú.*

Tá an leithdháileadh caipitil i gcomhair iompair sa Phlean Caipitil seo bunaithe a bheag nó a mhór ar na moltaí agus ar na tosaíochtaí atá leagtha síos sa doiciméad *Creat Infheistíochta Straitéisí i gcomhair Iompar ar Tír* de chuid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ó 2015, ina ndírítear ar:

- na gnéithe den chóras iompair ar tír a bhfuil tábhacht straitéiseach leo agus atá ann cheana a chothabháil agus a athnuachan
- dul i ngleic le tranglam uirbeach
- rannchuidiú na líonraí iompair ar tír a uasmhéadú i dtaca le forbairt náisiúnta, lena n-áirítear rochtain a thabhairt ar réigiúin nach bhfuiltear ag freastal orthu ach go holc

Cuimsítear na príomhchuspóirí seo a leanas sa Phlean Caipitil, agus tá baint acu leis an bhforbairt bóthair seo atá beartaithe:

- €6 billiún le hinfheistiú sa líonra bóthair náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil thar an tréimhse 7 mbliana, agus €4.4 billiún lena chinntiú go ndéantar an líonra forleathan reatha ar fud na tíre a chothabháil agus a neartú, agus €1.6 billiún le haghaidh tionscadal nua

- Tacaíonn sé go sonrach leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe trí thagairt do thacaíocht a thabhairt do thús '*Seachbhóthar na Gaillimhe*' faoi réir cead pleanála

Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe ag teacht leis na moltaí, na tosaíochtaí agus na cuspóirí mar atá leagtha síos i gcreat infheistíochta 2015 na Roinne Iompair, de réir mar a fhéachann sé le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe a sheachadadh, dul i ngleic le tranglam uirbeach i gCathair na Gaillimhe, agus forbairt náisiúnta a fheabhsú trí nascacht níos fearr le hiarthar na Gaillimhe.

Tá an nascacht sin riachtanach d'fhonn inmharthanacht chodanna thiar an chontae a chinntiú a bhfuil neart le tairiscint acu do thurasóirí ach atá ag brath ar nascacht chun a lánchumas a bhaint amach.

Tá borradh faoin tionscal turasóireachta i gContae na Gaillimhe rud a chuidíonn le tionscal na turasóireachta go náisiúnta. Thug os cionn 1.3 milliún cuairteoir cuairt ar Ghaillimh ó thar lear in 2015 amháin, ag giniúint thart ar €475 milliún in ioncam (Feidhmíocht Turasóireachta Réigiúnaí Fháilte Éireann de réir Contae 2015, D. Fómh. 2016). Tráth foilsithe na tuarascála seo, ní raibh sonraí ar fáil le haghaidh 2016 ach tugtar le fios sna chéad torthaí go raibh méadú ar thurasóireacht ar fud na hÉireann in 2016. Tugann thart ar dhá thrian de na turasóirí cuairt ar an gceantar ó Bhealtaine go Meán Fómhair, agus is é Conamara ceann de na príomháiteanna a dtaitníonnle daoine cuairt a thabhairt air mar gheall ar an tírdhreach álainn ansin agus ar thimpeallacht neamhthruaillithe an cheantair. Cuireann trácht turasóireachta, in éineacht le trácht áineasa áitiúil ag dul chomh fada leis na tránna sa taobh thiar den chathair, leis an méid tráchta ar an mbealach iompair línigh ar feadh an tsamhraidh. Tá Gaillimh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin freisin, tionscnamh nua de chuid Fáilte Éireann, chun an turasóireacht a spreagadh chomh fada leis an iarthar agus gach seans go gcruthóidh sé sin tuilleadh tráchta isteach sa cheantar.

Is tionscal í an turasóireacht a bhfuil géarghá léi d'fhonn inmharthanacht agus marthanas réigiún Chonamara Theas a chinntiú, rud atá nasctha le soláthar sóisialta, cáilíocht saoil agus inbhuanaitheacht comhshaoil atá níos fearr go foriomlán.

Foilsíodh athbhreithniú ar an bPlean Caipitil i mí Lúnasa 2017 mar go raibh feabhas suntasach ar dhul chun cinn eacnamaíoch na tíre, rud a d'fhág go bhféadfaí infheistíocht chaipitil bhreise a leithdháileadh d'infheistíocht chaipitil phoiblí níos mó thar thréimhse an Phlean Caipitil. Tá an caiteachas ardaithe sin spriocdhírithe chun torthaí sonracha a bhaint amach a bhaineann luach ar airgead amach.

Tar éis leithdháileadh na hinfheistíochta chaipitil níos mó seo, d'fhoilsigh an Rialtas plean nua infheistíochta náisiúnta 10 mbliana don tréimhse 2018-2027, is é sin an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, atá ag teacht go dlúth leis na príomhchuspóirí sa Chreat Pleanála Náisiúnta chun a chinntiú go gcaithfear an t-airgead de réir an phlean fhoriomlán.

### 2.3.2 Taisteal Níos Cliste, Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe, 2009 agus Creat Beartais Rothaíochta Náisiúnta na hÉireann, 2009 go 2020

Is creat beartais é “*Taisteal Níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe*” a cheadaigh an Rialtas in 2009 ina leagtar amach conas is féidir an fhís maidir le córas taistil agus iompair inbhuanaithe a bhaint amach. Aithnítear sa bheartas go bhfuil *“iompar ríthábhachtach dár ngeilleagar. Mar náisiún oileánda, teastaíonn dea-cheangail iompair lenár gcomhpháirtithe trádála; ní mór dúinn gluaiseacht éifeachtach a chinntiú ar an oileán freisin. Príomhghné de chaighdeán maith saoil é taisteal sábháilte agus compordach chomh maith. Níl sé i gceist againn anseo srian a chur ar thaisteal ná ar iompar ach bealaí níos ciallmhaire a aimsiú chun freastal ar na riachtanais seo”*. Tugtar cuntas i gCaibidil 3 den doiciméad beartais ar cúig phríomhsprioc lena gcruthaítear bunús an Bheartais mar seo a leanas:

- *Cáilíocht saoil níos fearr agus inrochtaineacht ar iompar do chách agus, go háirithe, do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu agus iad sin a d’fhéadfadh a bheith scoite amach mar gheall ar easpa iompair*
- *Tiocfaidh feabhas ar iomaíochas eacnamaíoch trí éifeachtúlacht an chórais iompair a uasmhéadú agus trí thranglam agus scrogall bonneagair a mhaolú*
- *Tionchar diúltach an iompair ar an timpeallacht áitiúil agus domhanda a íoslaghdú trí thruailleáin aeir agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go háitiúil*
- *An t-éileamh taistil foriomlán agus an t-achar comaitéireachta a thaistealaítear sa charr príobháideach a laghdú*
- *Slándáil an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú trí spleáchas ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte a laghdú*

Tá siad seo a leanas i measc na bpríomhghníomhartha atá leagtha síos sa bheartas Taisteal Níos Cliste chun an fhís sin a bhaint amach:

- Gníomhartha chun an t-achar a thaistealaítear sa charr príobháideach a laghdú agus taisteal níos cliste a spreagadh, lena n-áirítear fás an daonra a dhíriú ar réimsí fostaíochta agus daoine a spreagadh cur fúthu gar d’áiteanna ina bhfuil fostaíocht agus meicníochtaí praghsála nó bearta fioscacha a úsáid chun athrú ar iompar a spreagadh
- Tá gníomhaíochtaí atá dírithe ar a chinntiú go mbeidh modhanna eile in ionad carranna ar fáil go forleathan, trí sheirbhís iompair phoiblí a bhfuil feabhas thar cuimse curtha uirthi agus trí infheistíocht i rothaíocht agus i siúl

Ag teacht leis an mbeartas Taisteal Níos Cliste, fógraíodh beartas náisiúnta rothaíochta in 2009. Déantar iarracht i *gCreat Beartais Náisiúnta Rothaíochta na hÉireann, 2009 go 2020* cultúr láidir rothaíochta a chruthú in Éirinn agus é mar spriocleibhéal 10% de gach turas a dhéanamh ar an rothar faoin mbliain 2020. Tá trí ghné mhóra ag baint leis an sprioc 10% atá ag an Rialtas chun comaitéireacht ar rothar a dhéanamh faoi 2020; ar an gcéad dul síos, ní mór don phleanáil ar gach leibhéal riachtanais rothaithe a chur san áireamh; ansin, ní mór don bhonneagar

iompair bealaí rothair díreacha agus sábháilte a chur ar fáil; agus ar deireadh, tá oideachas agus cumarsáid riachtanach chun cultúr rothaíochta a chothú ó aois óg.

Thar na mblianta, d'fhorbair Comhairle Cathrach agus Chontae na Gaillimhe roinnt pleananna agus straitéisí chun cuspóirí beartais náisiúnta Taisteal Níos Cliste a bhaint amach. Ina measc sin:

- Plean Gníomhaíochta Limistéar Taisteal Níos Cliste Chathair na Gaillimhe 2010-2015
- Straitéis Siúlóide agus Rothaíochta Chathair na Gaillimhe agus an Cheantair Máguaird (2010)
- Straitéis Iompair na Gaillimhe (2016)

In 2010, d'fhorbair Comhairle Cathrach agus Chontae na Gaillimhe *Plean Gníomhaíochta Limistéar Taisteal Níos Cliste Chathair na Gaillimhe 2010-2015* a bhí ar aon dul leis an gcéad phríomhsprioc sa bheartas náisiúnta Taisteal Níos Cliste agus chuir sé roimhe Gaillimh agus a cúltír a fhorbairt mar limistéar taistil inbhuanaithe. Glacadh leis sa Phlean seo go raibh Seachbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCOB, 2006) seachadta.

In 2010, d'fhorbair Comhairle Cathrach agus Chontae na Gaillimhe *Straitéis Siúil agus Rothaíochta Chathair na Gaillimhe agus an Cheantair Máguaird (2010)* inar féachadh le beartas rothaíochta náisiúnta a sheachadadh ar leibhéal Chathair na Gaillimhe, agus í arís ag teacht an gcéad phríomhsprioc den bheartas saoráidí a sholáthar do choisithe, do rothaithe agus d'úsáideoirí gan inneall. I measc na dtograí bhí glasbhealach ó lár na cathrach go Bearna agus ó lár na cathrach go dtí Uachtar Ard.

In 2016, d'fhorbair Comhairle Cathrach agus Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair *Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG).* Tógann an straitéis seo ar na staidéir iompair a rinneadh le haghaidh Réigiún na Gaillimhe roimhe seo agus leagtar síos léargas ar na gníomhartha agus bearta atá beartaithe le cur i bhfeidhm, a chumhdaíonn gnéithe bonneagair, oibríochta agus beartais. Tabharfaidh na tograí comhdhlúite seo creat forfheidhmithe soiléir do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird le haghaidh an scór bliain seo amach romhainn agus beidh siad mar bhonn is mar thaca ag cuspóirí na bPleananna Forbartha do Chathair na Gaillimhe agus do Chontae na Gaillimhe anois agus sa todhchaí. Tá Taisteal Níos Cliste mar phríomhphrionsabal de Straitéis Iompair na Gaillimhe. Tá mionsonraí breise maidir le SIG i Cuid 2.5.1 áit ina bhfuil cúlra SIG ar fáil i **gCaibidil 1, Réamhrá**.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag cur SIG i bhfeidhm faoi láthair, ó thaobh na gcuspóirí beartais atá bunaithe agus ó thaobh seachadadh na dtionscadal iompair a aithnítear laistigh den straitéis araon. Tá CCNG an N6 mar chuid de thionscadal agus aithnítear mar thionscadal é laistigh de 'Straitéis Iompair na Gaillimhe' SIG.

Tá SIG ailínithe leis na Príomh-Spriocanna atá leagtha amach thuas ina cuid iarrachtaí beartas úsáide talún agus iompair a ailíniú, agus ag féachaint le roghanna eile inmharthana agus tarraingteacha a chur ar fáil in ionad an chairr phríobháidigh i nGaillimh.

Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe mar chuid de na gníomhartha atá leagtha síos i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) agus í ag teacht le beartais maidir le taisteal níos cliste ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil. Agus SIG á forbairt, bhí aird ar an mbeartas Taisteal Níos Cliste lena chinntiú go mbainfí an oiread úsáide agus ab fhéidir as iompar poiblí. Dá bhrí sin, tá SIG ar aon líne leis na beartais um Taisteal Níos Cliste sa mhéid is go dtagann feabhas 16% ar an aistriú córa iompair chuig iompar poiblí de bharr na straitéise (a bhfuil CCNG an N6 mar chuid shuntasach de).

Is gá réiteach a fháil ar saincheisteanna tranglaim tráchta i nGaillimh i láthair na huaire d'fhonn beartais um thaisteal níos cliste a bhaint amach. Cuideoidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe chun deireadh a chur le tranglam tráchta ó laistigh de Chathair na Gaillimhe agus den cheantar máguaird trí thrácht reatha agus sa todhchaí a aistriú ón líonra bóthair reatha chuig an mbonneagar nua bóthair. Dá bhrí sin, laghdófar tréimhsí taistil agus méadófar an chinnteacht maidir le tréimhsí taistil d'úsáideoirí iompair phoiblí agus feithiclí príobháideacha araon. Cuideoidh an laghdú ar an tranglam tráchta freisin chun gníomhartha beartaithe eile i Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur i gcrích toisc go mbeifear in ann an spás bóthair atá ann cheana a athdháileadh ar rothaithe, ar choisithe agus chun an líonra iompair phoiblí a athchumrú. Dá thoradh sin laghdófar líon na n-aistear coimaitéireachta gearr a dhéanfar sa charr trí aistir ar rothair a éascú, atá níos tapúla, níos saoire, agus níos inbhuanaithe agus a ghineann buntáistí sláinte.

Aithníodh go bhfuil gá le feabhsúcháin ar líonra bus na Gaillimhe chun freastal níos fearr ar phatrúin taistil i gCathair na Gaillimhe anois agus sa todhchaí. Nuair a athdháilfear spás bóthair le haghaidh iompar poiblí cuideoidh sé sin chun líonra bóithre níos fearr a sheachadadh.

Ach a mbainfear amach na spriocanna mar atá leagtha síos sna beartais in Taisteal Níos Cliste beidh Cathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird níos tarraingtí, níos bríomhaire agus níos eacnamaí, agus bainfear buntáistí sláinte agus comhshaoil gaolmhara amach, agus iad go léir riachtanach le haghaidh taisteal inbhuanaithe sa todhchaí. Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe ag teacht leis na beartais sin ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon.

Tugtar faoi deara in *Taisteal Níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe* go bhfuil gluaiseacht éifeachtúil earraí riachtanach dár n-iomaíochas agus dár leas eacnamaíoch agus móramh na n-earraí á n-iompar ar bóthar i láthair na huaire. Aithnítear ann freisin go gcuirfear deireadh le scrogaill tráchta le hinfheistíocht agus go maolófar an brú i mbailte agus i sráidbhailte. Dá bhrí sin, féachtar sna gníomhartha atá leagtha amach sa bheartas le hilfheidhmeanna an líonra bóithre a chothromú agus na príomhspriocanna foriomlána a bhaint amach ag an am céanna.

Leagtar síos 49 Gníomh aitheanta sa doiciméad beartais chun na príomhspriocanna sin a bhaint amach. Tacaíonn soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe le roinnt den 49 gníomh atá sa Bheartas maidir le Taisteal Níos Cliste, agus tá sé neodrach leis an gcuid eile díobh mar atá sonraithe i **dTábla 2.1** thíos.

**Tábla 2.1: Measúnú Comhlíontachta ar Ghníomhartha in Taisteal Níos Cliste**

| Uimhir an Ghníomhartha | Comhlíonadh | Tuairimí |
|---|---|---|
| 1 | Tacúil | Spás bóthair á athdháileadh chun soláthar saoráidí nua agus níos fearr do choisithe agus do rothaithe a éascú chun saoráidí pobail agus iompair phoiblí a rochtain ar fud Chathair na Gaillimhe. Soláthraíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe saoráidí den sórt sin i ngach réimse ina bhfuil forluí leis na bearta i SIG lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do Bhóthar na Ceapaí, Bóthar Bhaile an Mhóinín, Bóthair Ceangail N59, Leitreach, Bóthar Rathúin, an N59, N84, N83[2], Bóthar an Chaisleáin Ghearr, Bóthar Ceangail na Páirce Móire, Ascaill Bhaile an Bhriotaigh, Acomhal Pháirc Ghnó Oirthear na Cathrach. Déan tagairt do **Chuid 5.5.4.2 Soláthar do Choisithe agus do Rothaithe**. |
| 2 | Tacúil | Tacaíonn soláthar saoráidí nua do choisithe agus do rothaithe i ngach réimse ina bhfuil forluí leis na bearta i SIG atá beartaithe lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do Bhóthar na Ceapaí, Bóthar Bhaile an Mhóinín, Bóthar Ceangail an N59, Leitreach, Bóthar Rathúin, an N59, N84, N83, Bóthar an Chaisleáin Ghearr, Bóthar Ceangail na Páirce Móire, Ascaill Bhaile an Bhriotaigh, Acomhal Pháirc Ghnó Oirthear na Cathrach leis na fo-ghníomhartha faoi Ghníomh 2 a bhaineann le comhtháthú. |
| 3 | Tacúil | Cuimsítear san fhorbairt bóthair atá beartaithe dhá limistéar údarás áitiúil, is iad sin Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus Comhairle Chontae na Gaillimhe ag cur an fhorbairt bóthair atá beartaithe chun cinn tríd an bpróiseas reachtúil ar a son féin agus thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.<br><br>I gcomhthreo leis sin, d'fhorbair Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair straitéis iompair fhoriomlán le haghaidh Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird a raibh Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) mar thoradh air sa deireadh thiar, agus is cuid lárnach den fhorbairt bóthair atá beartaithe í an straitéis sin. Tugann SIG creat soiléir forfheidhmithe i gcomhair iompair do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird sna 20 bliain seo amach romhainn. Cinnteoidh an comhordú seo go ndéanfar comhordú agus comhtháthú ar phleanáil forbartha idir údaráis áitiúla thar Gheata na Gaillimhe. |
| 4 | Tacúil | Tacaíonn soláthar na saoráidí do choisithe agus do rothaithe a tugadh ar aird i nGníomh 1 thuas le Gníomh 4 ó thaobh patrúin taistil níos inbhuanaithe a chur chun cinn, cosúil le rothaíocht agus siúl. Tacaíonn an soláthar lána bus tiomnaithe ar an N83 le Gníomh 4 ó thaobh patrúin taistil níos inbhuanaithe a chur chun cinn. Nascann Bóthar Ceangail na Páirce Móire eastáit thionsclaíocha Bhaile an |

[2] Ar a dtugtaí Bóthar Thuama an N17 roimhe seo.

| Uimhir an Ghníomhartha | Comhlíonadh | Tuairimí |
|---|---|---|
| | | Bhriotaigh agus na Páirce Móire agus éascaíonn sé idirmhalartú bealaí bus a fhreastalaíonn ar na heastáit thionsclaíocha rud a mhéadaíonn dá réir sin an leibhéal soláthair iompair phoiblí isteach sa cheathrú thoir thuaidh den chathair ar fad. Soláthraíonn sé bealach díreach níos giorra le soláthar iomlán de bhonneagar iomchuí feadh na líne inmhianaithe do choisithe agus do rothaithe araon chuig eastáit thionsclaíocha na Páirce Móire agus Bhaile an Bhriotaigh. |
| 5 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe ar spriocanna ríomhoibrithe don earnáil phoiblí. Déanfar gach seirbhís leathanbhanda agus teileafóin a mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu a athnascadh lena chinntiú nach gcaillfear seirbhís. |
| 6 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe ar bhunú lárionad ríomhoibrithe. Déanfar gach seirbhís leathanbhanda agus teileafóin a mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu a athnascadh lena chinntiú nach gcaillfear seirbhís. |
| 7 | Tacúil | Soláthraíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe bealaí sábháilte leithscartha do choisithe ón N59 ag Páirc na dTor go Bóthar Leitrí. Ceanglaíonn sé ansin le rotharbhealaí agus cosáin thiomnaithe ar Bhóthar Ceangail an N59 ó Dheas chuig bóthar ceangail Ghort na Bró. Nascann na rotharbhealaí agus na cosáin seo isteach sna líonraí reatha sa limistéar a fhreastalaíonn ar ceithre mheánscoil mhóra ar Bhóthar na Mine, Bóthar Bhaile an Mhóinín agus an Bóthar Ard. Cuireann an bóthar ceangail sin bealaí sábháilte ar fáil freisin chun limistéir chónaithe Bhóthar Leitrí a nascadh le Bóthar Rathúin rud a sheachnaíonn an bealach timpeallach reatha trí Bhóthar Shéamais Uí Chuirc. Cuideoidh an laghdú ar thrácht laistigh de Chathair na Gaillimhe freisin chun an tsábháilteacht a fheabhsú laistigh de lár na cathrach d’úsáideoirí leochaileacha agus soláthróidh sé bealach le haghaidh feabhsuithe eile amach anseo ar áiseanna do choisithe agus do rothaithe de réir SIG. |
| 8 | Tacúil | Soláthróidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe bealaí sábháilte tiomnaithe d’úsáideoirí leochaileacha bóthair ar an taobh thiar den chathair a nascann forbairtí tithíochta leis na scoileanna. Déantar foráil freisin chun na mórpháirceanna gnó ar an taobh thoir den chathair a cheangal trí Bhóthar Ceangail na Páirce Móire. Éascaíonn Bóthar Ceangail na Páirce Móir idirmhalartú na mbealaí bus a fhreastalaíonn ar na heastáit thionsclaíocha seo rud a thacaíonn le haistriú córa iompair le haghaidh comaitéireachta chuig ionaid oibre laistigh de cheathrú thoir thuaidh na cathrach ar fad. Soláthraíonn sé bealach díreach níos giorra freisin le soláthar iomlán de bhonneagar iomchuí feadh na líne inmhianaithe do choisithe agus do rothaithe araon chuig eastáit thionsclaíocha na Páirce Móire agus Bhaile an Bhriotaigh. Soláthraítear lána bus ó dheas, lánaí rothaíochta tiomnaithe agus saoráidí do choisithe ar Bhóthar Chorrán Bhaile an |

| Uimhir an Ghníomhartha | Comhlíonadh | Tuairimí |
|---|---|---|
| | | Bhriotaigh a thugann bealaí sábháilte ó eastát tionsclaíoch na Páirce Móire Thoir tríd go dtí Acomhal Uí Loingsigh. Soláthraíonn na hacomhail soilsithe eile go léir laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe saoráidí le haghaidh úsáideoirí bóthair leochaileacha chun na hacomhail a láimhseáil go sábháilte. |
| 9 | Tacúil | Ní chuireann soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe pleananna taistil pearsantaithe chun cinn go gníomhach. Mar sin féin, tairgeann sé deis do dhaoine aonair athmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid patrúin taistil reatha agus bogadh i dtreo plean taistil níos inbhuanaithe go háirithe i limistéar na Páirce Móire/Bhaile an Bhriotaigh agus i mbruachbhailte thiar Chnoc na Cathrach/Rathúin/an Taoibh Thiar. Ina theannta sin tacaíonn SIG i gcoitinne le tionscnaimh den sórt sin ar fud lár na cathrach ar fad. |
| 10 | Neodrach/Tacúil | Ní bheidh tionchar ag soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe ar bheartas lastais a chur chun cinn. Tiocfaidh laghdú ar an méid tráchta ar an mbealach rochtana tiomnaithe go Calafort na Gaillimhe, rud a éascóidh dá réir sin gluaiseacht éifeachtúil earraí chuig an gcalafort agus ar ais as. Leis an laghdú ar thranglam i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird feabhsófar éifeachtúlacht na tráchta lastais ar bóthar. |
| 11 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chur i bhfeidhm na mbeart fioscach a bhfuil sé mar aidhm acu úsáid carranna a laghdú. |
| 12 | Tacúil | Cuireann soláthar lána bus tiomnaithe ar an N83 patrúin taistil níos inbhuanaithe chun cinn. Éascaíonn Bóthar Ceangail na Páirce Móire idirmhalartú na mbealaí bus a fhreastalaíonn ar na heastáit thionsclaíocha sin. Soláthraítear lána bus ó dheas ar Bhóthar Chorrán Bhaile an Bhriotaigh chun an bealach bus as eastát tionsclaíoch na Páirce Móire Thoir tríd Acomhal Uí Loingsigh a éascú. Méadaíonn na bearta sin le chéile leibhéal sholáthar an iompair phoiblí isteach sa cheathrú thoir thuaidh den chathair ina hiomlán, a dtéann 10,000 duine isteach ann gach lá chuig a gcuid oibre. Laghdóidh soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe an tranglam tráchta atá i Lár Chathair na Gaillimhe i láthair na huaire agus éascóidh sé soláthar conair iompair phoiblí trí lár na cathrach agus gan iompar poiblí ceadaithe ach amháin ar Dhroichead na mBradán, Sráid Eglington agus ar Bhóthar an Choláiste. |
| 13 | Tacúil | Is cuid de sholáthar seirbhíse bus iontaofa é an soláthar lána bus tiomnaithe ar an N83 isteach chuig mórlimistéar uirbeach Chathair na Gaillimhe. Éascaíonn Bóthar Ceangail na Páirce Móire iompar poiblí idir eastáit thionsclaíocha Bhaile an Bhriotaigh agus na Páirce Móire agus éascaíonn sé idirmhalartú na mbealaí bus a fhreastalaíonn ar na heastáit thionsclaíocha sin, rud a chinntíonn arís go mbeidh iompar poiblí iontaofa chuig ceathrú thoir thuaidh na cathrach. Laghdóidh soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe an tranglam tráchta atá i Lár Chathair na Gaillimhe i láthair na huaire agus éascóidh sé soláthar conair iompair phoiblí trí lár na cathrach agus |

| Uimhir an Ghníomhartha | Comhlíonadh | Tuairimí |
|---|---|---|
| | | gan iompar poiblí ceadaithe ach amháin ar Dhroichead na mBradán, Sráid Eglington agus ar Bhóthar an Choláiste. |
| 14 | Tacúil | Tacaíonn soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe leis an ngníomh chun bealach iompair phoiblí tiomnaithe a sholáthar feadh chonair an N83, ag éascú ar an gcaoi sin rochtain ó cheantair thuaithe Bhaile Chláir go dtí lár na cathrach. Nascann soláthar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire eastáit thionsclaíocha Bhaile an Bhriotaigh agus na Páirce Móire agus éascaíonn sé an t-idirmhalartú idir bealaí bus a fhreastalaíonn ar na heastáit thionsclaíocha sin. Sna bearta atá i SIG i gcoitinne, samhlaítear go n-úsáidfear an bealach seo chun nascadh le Páirceáil agus Taisteal sa todhchaí. Soláthraítear lána bus ó dheas ar Bhóthar Chorrán Bhaile an Bhriotaigh chun an bealach bus as eastát tionsclaíoch na Páirce Móire Thoir tríd Acomhal Uí Loingsigh a éascú. Sna bearta SIG i gcoitinne, samhlaítear go bhféadfadh an bealach seo nascadh le láithreán Páirceála agus Taistil i limistéar Thimpeallán Chúil Each sa todhchaí. |
| 15 | Tacúil | Tacaíonn soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe le Gníomh 15, trí shaoráidí sábháilte tiomnaithe ar ardchaighdeán a sholáthar do choisithe agus do rothaithe a nascfaidh na limistéir chónaithe agus na limistéir fostaíochta. Beifear in ann dul ar rothar ó Bhóthar na Ceapaí go Eastát Tionsclaíoch na Páirce Móire Thiar ar chosán rothaíochta tiomnaithe, i.e. ó theorainneacha iarthar na cathrach go dtí teorainneacha oirthuaisceart na cathrach. Leis an laghdú a thiocfaidh ar an trácht i Lár Chathair na Gaillimhe i ngeall ar aistriú na tráchta chuig an ailíniú nua beidh deis ann bonneagar rothaíochta na cathrach a fheabhsú. |
| 16 | Tacúil | Tacaíonn soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe le Gníomh 16, trí shaoráidí sábháilte tiomnaithe ar ardchaighdeán a sholáthar do choisithe ar Bhóthar Ceangail an N59 ó Thuaidh agus ó Dheas, ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire, ar Bhóthar Chorrán Bhaile an Bhriotaigh agus na hacomhail soilsithe go léir. Leis an laghdú a thiocfaidh ar an trácht i Lár Chathair na Gaillimhe beidh deis ann tuilleadh feabhais a chur ar an mbonneagar do choisithe. |
| 17 | Neodrach | Ní bhaineann an fhorbairt bóthair atá beartaithe leas as tailte atá faoi úinéireacht an Stáit chun saoráidí siúil agus rothaíochta a sholáthar. Mar sin féin, tá nasc ag na saoráidí siúil agus rothaíochta go léir a sholáthraítear leis an straitéis trí chéile i gcomhair siúil agus rothaíochta i nGaillimh rud a thugann rochtain sa deireadh thiar ar an líonra glasbhealaigh níos leithne. |
| 18 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe ar bhunú suíomhanna líonraí agus tionscnamh i gcomhair clubanna roinnte carranna. |
| 19 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe ar bhunú scéimeanna clubanna carranna. |

| Uimhir an Ghníomhartha | Comhlíonadh | Tuairimí |
|---|---|---|
| 20 | Neodrach | Mar thoradh ar sholáthar na forbartha bóthair atá beartaithe tiocfaidh laghdú ar an trácht i Lár Chathair na Gaillimhe, rud a éascóidh dá réir sin cur chun cinn scéimeanna eile chun tosaíocht tráchta a thabhairt do chineálacha eile iompair innealta. |
| 21 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe ar chur i bhfeidhm chórais ticéadaithe comhtháite ar an líonra iompair phoiblí. |
| 22 | Tacúil | Éascaíonn soláthar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire agus an lána bus ar Bhóthar Chorrán Bhaile an Bhriotaigh bunú láithreán páirceála agus taistil feadh mhodhanna iompair phoiblí ollmhóra amach anseo. Is cuid den phlean foriomlán i gcomhair saoráidí páirceála agus taistil i SIG iad na forálacha seo. |
| 23 | Tacúil | Tá acomhail soilsithe curtha ar fáil laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe chun sábháilteacht agus feidhmíocht oibríochta a fheabhsú agus chun gluaiseacht éifeachtúil gach úsáideoir bóthair a éascú. Soláthraítear pointí trasnaithe tiomnaithe do choisithe agus do rothaithe ag láthair gach acomhail. Leis an laghdú a thiocfaidh ar an trácht i Lár Chathair na Gaillimhe beidh deis ann an tosaíocht a thabharfar do choisithe ag na príomhacomhail a fheabhsú. |
| 24 | Neodrach / Tacúil | Ní bheidh tionchar ag soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe ar chur i bhfeidhm pleanálaí turais chomhtháite ar líne. Rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair bainistiú ar an obair ar fhorbairt na straitéise iompair foriomláine i gcomhthreo, rud a chinntigh ar an gcaoi sin go ndearnadh comhtháthú ar na modhanna iompair go léir. |
| 25 | Tacúil | Tugann an fhorbairt bóthair atá beartaithe infheistíocht le haghaidh bealaí nua siúil agus rothaíochta tiomnaithe, ag nascadh limistéar cónaithe le limistéir fostaíochta agus lár na cathrach. Leis an laghdú a thiocfaidh ar thrácht i lár na cathrach éascófar tuilleadh feabhais ar an mbonneagar do choisithe agus do rothaithe laistigh de lár na cathrach.<br>Cuirfidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe tairbhí eacnamaíocha ar fáil freisin trí bhrú tráchta a mhaolú agus cinnteacht maidir le tréimhsí aistir. |
| 26 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar athstruchtúrú an chórais aerloingseoireachta san Eoraip agus in Éirinn. |
| 27 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar oibleagáid na seirbhíse poiblí maidir le seirbhísí aeriompair réigiúnaigh. |
| 28 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar astaíochtaí ón earnáil iompair mhuirí. |
| 29 | Neodrach | Tiocfaidh laghdú ar an méid tráchta ar an mbealach rochtana tiomnaithe go Calafort na Gaillimhe, rud a éascóidh dá réir sin gluaiseacht éifeachtúil earraí chuig an gcalafort agus ar ais as. Leis an laghdú ar thranglam i |

| Uimhir an Ghníomhartha | Comhlíonadh | Tuairimí |
|---|---|---|
| | | gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird feabhsófar éifeachtúlacht na tráchta lastais ar bóthar. |
| 30 | Tacúil | Tabharfaidh soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe bóthar níos sábháilte le haghaidh trácht innealta, cuirfear deireadh le feithiclí earraí troma ó limistéir uirbigh ina bhfuil brú tráchta agus éascófar athdháileadh an spáis bóthair reatha i gcomhair iompair phoiblí agus iompair neamh-innealta, rud a thacóidh dá réir sin le soghluaisteacht atá éifeachtúil agus ar timpeallacht níos sábháilte é do mhodhanna gníomhacha. |
| 31 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar an sprioc 10% le haghaidh Bithbhreoslaí a chomhlíonadh faoin mbliain 2020. |
| 32 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar an sprioc 10% le haghaidh teicneolaíocht feithiclí leictreacha a chomhlíonadh faoin mbliain 2020. |
| 33 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar chur i bhfeidhm flíteanna feithiclí leictreacha atá tíosach ar fhuinneamh san earnáil phoiblí. |
| 34 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar chur i bhfeidhm chórais VRT agus Mhótarchánach. |
| 35 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar thionscnaimh Fhuinneamh Inmharthana Éireann chun teicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh a thabhairt isteach san earnáil iompair. |
| 36 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar an modúil tiomána éifeachtúil den tástáil náisiúnta tiomána agus ar chur i bhfeidhm teicneolaíochtaí ar bord chun iompar éicea-thiomána a spreagadh. |
| 37 | Neodrach/Tacúil | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar thabhairt isteach Bille um Thaisteal agus Iompar Inbhuanaithe. Tacóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe áfach le modhanna iompair inbhuanaithe trí shaoráidí nua do choisithe agus do rothaithe a sholáthar agus lánaí nua bus mar chuid den fhorbairt. Éascaítear freisin na bearta eile maidir le hiompar poiblí, rothaíocht agus siúl atá áirithe sa SIG foriomlán. |
| 38 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar an ngrúpa oibre idir-rannach. |
| 39 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar bhunú na hOifige Náisiúnta Taistil Inbhuanaithe. |
| 40 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag cur i bhfeidhm na forbartha bóthair atá beartaithe ar bhunú Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath. |
| 41 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar straitéis Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath. |
| 42 | Tacúil | Is cuid lárnach den SIG fhoriomlán í an fhorbairt bóthair atá beartaithe, atá forbartha chun seirbhísí taistil agus iompair inbhuanaithe a bhaint amach i gCathair na |

| Uimhir an Ghníomhartha | Comhlíonadh | Tuairimí |
|---|---|---|
| | | Gaillimhe agus sa cheantar máguaird. Cuidíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe le haistriú córa iompair trí lánaí bus agus saoráidí sábháilte leithscartha do choisithe agus do rothaithe ag nascadh limistéar cónaithe agus limistéar fostaíochta. |
| 43 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar thionscnaimh iompair inbhuanaithe idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann. |
| 44 | Tacúil | Cuideoidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe le haistriú córa iompair a sheachadadh chuig foirmeacha iompair níos inbhuanaithe trí lánaí bus a sholáthar agus bealaí tiomnaithe, sábháilte do choisithe agus do rothaithe chun na lárionaid fostaíochta, na hionaid oideachais agus na limistéir chónaithe a rochtain, agus maolóidh sí freisin an brú tráchta i Lár Chathair na Gaillimhe, rud a thabharfaidh an deis tuilleadh feabhais a chur ar shaoráidí i gcomhair iompair phoiblí ar bóthar agus ar shaoráidí do choisithe agus do rothaithe. |
| 45 | Tacúil / Neodrach | Is cuid lárnach de SIG í an fhorbairt bóthair atá beartaithe a cuireadh faoi bhráid chomhaltaí tofa agus fhoireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus na Comhairle Contae. Is é formhuiniú SIG ag na comhaltaí tofa an bunús chun an taisteal inbhuanaithe a chur i bhfeidhm. |
| 46 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar thabhairt isteach brandála chun tacú leis an gcoincheap a bhaineann le taisteal níos cliste. |
| 47 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar thabhairt isteach ciste chun tacú le tionscadail taistil nuálacha inbhuanaithe. |
| 48 | Tacúil | Baineadh leas as torthaí an tSuirbhé Náisiúnta Teaghlaigh ar Thaisteal, Iompar agus Soghluaisteacht 2012 chun Samhail Réigiúnach an Iarthair de chuid NTA a fhorbairt. Úsáideadh an tsamhail sin don anailís ar iompar ilmhódach a rinneadh le haghaidh na forbartha bóthair atá beartaithe lena chinntiú go dtéitear i ngleic sa tsamhail leis na patrúin taistil sna tréimhsí seachbhuaice. |
| 49 | Neodrach | Ní bheidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an tuairisciú débhliantúil maidir le dul chun cinn an Bheartais Taisteal Níos Cliste. |

### 2.3.3 Cláir Oibre Forfás ar Iomaíochas Réigiúnach

Ba é Forfás comhlacht comhairleach na hÉireann ar bheartas náisiúnta i gcomhair fiontraíochta agus eolaíochta go dtí 2014 nuair a díscaoileadh é agus comhtháthaíodh é leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. I measc feidhmeanna beartais Forfás bhí taighde, comhairle agus tacaíocht bhríomhar neamhspleách a sholáthar sna réimsí beartais fiontraíochta agus eolaíochta. Thug an obair sin treoir don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus don Rialtas i gcoitinne ina chuid freagairtí ar riachtanais na timpeallachta gnó domhanda, a athraíonn go han-tapa ar fad.

Ina sraith de sheacht gClár Oibre ar Iomaíochas Réigiúnach (COIRanna): *Forbhreathnú, Torthaí & Gníomhartha 2009*, rinne Forfás measúnú ar an gcaoi a bhféadfadh gach réigiún a thimpeallacht iomaíoch a neartú chun tacú le fiontraíocht. Mhol na COIRanna gníomhartha sonracha chun aghaidh a thabhairt ar shrianta forbartha agus díríodh iarrachtaí ar chumas gach réigiúin a chur i gcrích. Tá Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCNG, 2006) liostaithe faoi Ghníomhartha Tosaíochta i gcomhair Bonneagar Fisiceach san Iarthar.

Foilsíodh foilseachán breise Forfás in 2012, dar teideal *Overview of Main Infrastructure Issues for Enterprise*, tar éis fhoilsiú na cáipéise Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2012-2016 (Samhain 2011). Tugadh ar aird ann an gá atá le réitigh níos cliste a fhorbairt chun na hinfheistíochtaí suntasacha atá déanta cheana féin a ghiaráil agus ár n-iomaíochas a fheabhsú agus tá *cuarbhóthar do Ghaillimh* liostaithe mar thosaíocht:

*"Ag glacadh leis na hacmhainní caipitil teoranta atá ar fáil go gearr nó go meántéarmach, tá sé ríthábhachtach go dtabharfaimis tosaíocht d'infheistíocht a thacóidh le téarnamh eacnamaíoch agus le fás inbhuanaithe. Ina measc sin tá cuarbhóithre Chorcaí agus na Gaillimhe a chur i gcrích agus dhá phíosa ghearra de Bhealach an Atlantaigh (Gaillimh - Luimneach - Corcaigh) a chuirfidh feabhas ar shoghluaisteacht daoine agus earraí i bpríomhchathracha réigiúnacha na hÉireann agus eatarthu. Is rud ríthábhachtach é feabhas a chur ar iompar poiblí chun soghluaisteacht a fheabhsú do gach úsáideoir iompair uirbigh."*

Leanadh de sin ina dhiaidh sin go dtí *Cur le Téarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016-2021* a chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le chéile, mar a luadh thuas i **gCuid 2.3.1**.

Aithnítear an fhorbairt bóthair atá beartaithe mar thogra ar leibhéal náisiúnta atá riachtanach chun tacú le téarnamh eacnamaíoch agus le fás inbhuanaithe mar gheall ar a cumas soghluaisteacht daoine agus earraí isteach agus amach as Gaillimh a fheabhsú, agus tá géarghá léi le haghaidh téarnamh eacnamaíoch Réigiún an Iarthair trí chéile. Tá mionsonraí breise maidir leis sin i **gCaibidil 3, An Gá atá leis an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe**.

### 2.3.4 An Creat Náisiúnta Pleanála

Is ionann an Creat Náisiúnta Pleanála anois agus an cháipéis beartais pleanála náisiúnta uileghabhálach. Tá tábhacht dhíreach léi maidir le feidhmeanna pleanála na n-údarás réigiúnach agus pleanála, lena n-áirítear An Bord Pleanála agus ón 16 Feabhra 2018 tagann an cháipéis in áit na Straitéise Spáis Náisiúnta (NSS).

Tugtar *Tionscadal Éire 2040 Ag Tógáil Todhchaí na hÉireann* ar an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus ar an bPlean Forbartha Náisiúnta le chéile agus soláthrófar leis an creat d'fhorbairt agus d'infheistíocht in Éirinn sa todhchaí. Is é sin an Plean foriomlán, a bheidh mar threoir do phleananna eile níos mionsonraithe ina dhiaidh sin, agus sin é an bunús atá leis an teideal, an 'Creat' Náisiúnta Pleanála, lena n-áirítear pleananna forbartha cathrach agus contae agus straitéisí réigiúnacha. Beidh an Creat Náisiúnta Pleanála ina uirlis chun cuidiú le forbairt réigiúnach níos éifeachtaí a chinntiú. Tá tacaíocht reachtúil ag an gCreat Náisiúnta Pleanála freisin.

Dírítear leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) ar dheich dtoradh straitéiseacha:

- Fás a Dhlúthú
- Inrochtaineacht réigiúnach níos fearr
- Geilleagair agus Pobail Tuaithe Treisithe
- Soghluaisteacht Inbhuanaithe
- Geilleagar láidir, le tacaíocht ó Fhiontar, Nuálaíocht agus Scileanna
- Nascacht idirnáisiúnta ardcháilíochta
- Taitneamhacht agus oidhreacht níos fearr
- Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin Aeráid-Sheasmhach
- Bainistiú inbhuanaithe ar uisce agus ar acmhainní comhshaoil eile
- Rochtain ar sheirbhísí cúram leanaí, oideachais agus sláinte ar ardchaighdeán.

(Tagairt: *Tionscadal Éire 2040, Ag Tógáil Todhchaí na hÉireann).*

Cuirfear cuspóirí an NPF i bhfeidhm ar bhonn réigiúnach trí Straitéisí Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnacha reachtúla (RSESanna), féach **Cuid 2.4.1.1** thíos. Caithfidh na RSESanna a bheith ag teacht leis an NPF agus dá réir, caithfidh na pleananna forbartha a bheidh ag na húdaráis áitiúla ina dtabharfar aghaidh arís ar ábhair áitiúla níos mionsonraithe, a bheith ag cloí leis na RSESanna.

Leagtar amach i gCuid 2 den NPF an straitéis chun pleanáil do fhás ar an daonra agus d'fhás eacnamaíochta. Mar phríomhghné den straitéis tacaíonn an NPF le"*spriocanna fáis uaillmhianacha chun go bhféadfaidh fás 50% ar a laghad teacht ar na ceithre chathair Coraigh, Luimeach, Gaillimh agus Port Láirge go dtí 2040 agus feabhas a chur ar a gcumas suntasach bheith mar chathracha atá ag méadú*." (NPF Cuid 2.2). Déantar cuspóirí beartais náisiúnta a shocrú tuilleadh thart ar fhás ar an daonra agus ar fhostaíocht.

Dírítear i gCuid 3.3 den NPF ar Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Dírítear ar Ghaillimh mar cheann de chúig phríomhchathair in Éirinn agus mar thiománaí tábhachtach d'Iarthar na hÉireann. Luaitear san NPF nach mór do Ghaillimh *'dul i ngleic leis na saincheisteanna fáis le déanaí agus leas a bhaint as na príomhláidreachtaí, lena n-áirítear cnuasach teicneolaíochta leighis den scoth, na hinstitiúidí tríú leibhéal atá leabaithe laistigh den Chathair, saol beoga agus cultúrtha na n-ealaíon, turasóireacht ó cheann ceann na bliana agus timpeallacht nádúrtha mhealltach"*. Luaitear ann *" i measc na ndúshlán nach mór dul i ngleic leo tá roghanna agus inacmhainneacht tithíochta, iompar/soghluaisteacht agus cáilíocht uirbeach, go háirithe taobh amuigh de limistéar chroílár na cathrach"*. Tá sprioc luaite san NPF d'fhás ar an daonra go dtí 2040 ag 40,000-45,000 duine maidir le Cathair na Gaillimhe agus Fo-bhailte Chathair na Gaillimhe, chun go mbeidh daonra iomlán ann de 120,000 ar a laghad (Tábla 2.1 NPF).

Seo a leanas na *"príomhchumasóirí fáis amach anseo"* maidir le Gaillimh:

- Forbairt inbhuanaithe na limistéar úrnua le haghaidh tithíochta agus an fhorbairt um iompar poiblí agus bonneagar tacaíochta mar atá sé ag na hArdáin a chur chun cinn

- Naisc iompair inbhuanaithe a fheabhsú
- Líonra iompair poiblí ar fud na Cathrach a sholáthar (Luaitear sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 go ndéanfar an líonra *Bus Connects*, ina mbeidh cúig bhealach feadh na cathrach ardfheidhmíochta, a sheachadadh i nGaillimh)
- Líonra rotharbhealaí straitéiseach a fhorbairt
- Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe a sheachadadh.

Tá "*Inrochtaineacht Réigiúnach níos Fearr"* ar cheann de na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta san NPF. Lorgaítear leis nascacht níos fearr idir ionaid daonra agus inrochtaineacht níos fearr le réigiún an tuaiscirt agus an iarthair, agus lorgaítear leis feabhas a chur ar réitigh bainistithe cuarthráchta lena n-áirítear an fhorbairt bóthair atá beartaithe chun na cuspóirí seo a bhaint amach.

Déantar iarracht leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 go seachadófar mórthionscadail bonneagair náisiúnta a sheachadadh ar mhaithe le ceangailteacht idir réigiúin agus tá Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6 ainmnithe ar cheann de na mórthionscadail sin (Cuid 1.7 agus 5.2).

Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe lonnaithe laistigh den chreat náisiúnta pleanála seo mar phríomhchumasóir fáis do Chathair na Gaillimhe agus réigiún an iarthair.

### 2.3.4.1 An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020

Ba creat náisiúnta pleanála scór bliain a bhí sa Straitéis Spáis Náisiúnta 2002 go 2020 a ceapadh chun forbairt shóisialta, gheilleagrach agus fhisiceach níos cothroime a sheachadadh idir réigiúin. Tháinig an NPF in áit an NSS an 16 Feabhra 2018. Tá an NPF bunaithe ar go leor de na cuspóirí san NSS go háirithe an straitéis go bhféadfaidh na príomhchathracha agus na bruachbhailte thart ar Chorcaigh, Ghaillimh, Luimneach agus Phort Láirge fás níos cothromaithe a sheachadadh maidir leis na réigiúin, chun cúiteamh a dhéanamh ar an bhfás i réigiún Bhaile Átha Cliath.

Thug an Straitéis Spáis Náisiúnta an creat beartais le haghaidh gach plean réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí le haghaidh Réigiún an Iarthair (a bhfuil tagairt dóibh thíos). Bhí an creat beartais le haghaidh gach plean réigiúnach agus áitiúil san NSS, lena n-áirítear na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí le haghaidh Réigiún an Iarthair (a bhfuil tagairt dóibh thíos) agus tiocfaidh na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) maidir le gach ceann de na trí réigiún nua, Réigiún an Tuaiscirt & an Iarthair (a bhaineann le Gaillimh), Réigiún Lár-Tíre & an Oirthir agus Réigiún an Deiscirt in áit an NSS faoin NPF. I bhfianaise easpa RSES do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, breithnítear gur chóir tagairt don chreat a sholáthraíonn an NSS do Threoirlínte Pleanála Réigiúnacha le haghaidh Réigiún an Iarthair (féach Cuid 2.4.1 thíos) agus dá réir sin maidir le Pleananna Forbartha Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Tá sé seo le feiceáil i **bPláta 2.2** thíos ina leagtar amach an struchtúr creata do Réigiún an Iarthair ó thaobh struchtúir uirbeach-tuaithe, nascacht iompair, soláthar bonneagair etc. agus atá le sonrú sna pleananna réigiúnacha agus sna pleananna ag leibhéal na cathrach/an chontae. Maidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, léiríonn an sliocht seo as an NSS an chonair iompair náisiúnta a shíneann ón N6


mar atá faoi láthair ar an taobh thoir de Chathair na Gaillimhe trasna Abhainn na Gaillimhe go dtí iarthar na Gaillimhe chun go bhféadfar freastal ar Chonamara agus ar Chontae na Gaillimhe.

Ba é an sprioc a bhí leis an NSS ar fad gurb é seo a leanas an toradh a bheadh ar an athstruchtúrú spáis seo

- *lonnaithe go straitéiseach, limistéir uirbigh ar scála náisiúnta, ag gníomhú mar gheataí, a bheidh go haonair agus i gcomhar le chéile mar phríomhghnéithe chun Éire níos cothroime ó thaobh spáis a sheachadadh agus chun forbairt a thiomáint ina gcuid réigiúin féin*

*(tagairt Cuid 3.1 den Straitéis Spáis Náisiúnta)*

## Pláta 2.2: An Straitéis Spáis Náisiúnta – Réigiún an Iarthair



### 2.3.5 An tAcht um an Athrú Aeráide 2015

Foráiltear san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 do bhunú creat náisiúnta agus é mar aidhm geilleagar ísealcharbóin, aeráid-díonach agus inchothaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach faoin mbliain 2050. Tá foráil san Acht do na huirlisí agus na struchtúir chun aistriú i dtreo geilleagair ísealcharbóin agus meastar go mbainfear é sin amach trí mheascán díobh seo a leanas:

- plean maolaithe náisiúnta (chun leibhéal na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn a ísliú)
- creat oiriúnaithe náisiúnta (foráil d'fhreagairtí ar athruithe a tharlaíonn de bharr athrú aeráide)
- pleananna earnála saincheaptha (chun na bearta oiriúnaithe a bheidh le glacadh ag gach aireacht Rialtais a shonrú)

Cuireann an tAcht oibleagáid ar gach comhlacht "ábhartha" aird a bheith acu ar na tosca seo a leanas i gcur i gcrích a gcuid feidhmeanna:

- an plean maolaithe náisiúnta is déanaí a ceadaíodh
- an creat oiriúnaithe náisiúnta is déanaí a ceadaíodh agus pleananna oiriúnaithe earnála a ceadaíodh
- cur chun cinn an chuspóra aistrithe náisiúnta
- an cuspóir maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú agus oiriúnú don tionchar atá ag an athrú aeráide sa Stát

Tá foráil san Acht freisin do bhunú sainchomhairle comhairlí maidir leis an athrú aeráide a bunaíodh go foirmiúil an 18 Eanáir 2016. Is comhaltaí den Chomhairle Chomhairleach iad ceannairí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Teagasc agus na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Is iad feidhmeanna na Comhairle Comhairlí comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh leis an Aire agus leis an Rialtas maidir le hábhair cosúil le plean maolaithe náisiúnta a ullmhú, creat oiriúnaithe náisiúnta, plean oiriúnaithe earnála, nó aon bheartas atá beartaithe le cur isteach chuig an Rialtas lena cheadú i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus oiriúnú do thionchar an athraithe aeráide sa Stát.

Iarrtar ar an gComhairle Chomhairleach athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana roimhe sin ó thaobh laghduithe a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin, aeráid-díonach agus inchothaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Tá an Chomhairle Chomhairleach chun tuarascáil bhliantúil a chur le chéile maidir leis na torthaí agus na moltaí a d'eascair óna hathbhreithniú bliantúil.

Tacaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe le prionsabail an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 sa mhéid is go dtugann sé an

bonneagar straitéiseach riachtanach a bhfuil dóthain cumais aige freastal ar riachtanais tráchta na Gaillimhe agus an cheantair máguaird rud a laghdaíonn dá réir sin scrogaill tráchta agus tranglam laistigh den chathair féin, agus a cheadóidh fiú aon trácht mhéadaithe a ghintear de bharr na forbartha bóithre atá beartaithe. Mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe le bearta Straitéis Iompair na Gaillimhe i bhfeidhm tá méadú 16% san aistriú córa iompair chuig iompar poiblí sa Bhliain Deartha nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an gcás Déan an Rud is Lú, i.e. an cás neamh-scéime. Ciallaíonn sé sin go bunúsach go mbaintear turais feithiclí ón trácht atá ann agus bíonn na paisinéirí seo ina n-úsáideoirí iompair phoiblí, agus is buntáiste é seo go léir ó thaobh astaíochtaí a laghdú. Is rud dearfach é gach aistriú a dhéantar, is cuma cé chomh beag leis, ón bhfeithicil phríobháideach go hiompar poiblí nó siúl nó rothaíocht agus is éacht é i dtéarmaí gníomh aeráide. Dá bhrí sin, toisc go n-éascaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe cur i bhfeidhm éifeachtach Straitéis Iompair na Gaillimhe tacaíonn sí le prionsabail an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015, ina gceadófar fiú aon trácht mhéadaithe a ghintear de bharr na forbartha bóithre atá beartaithe.

Tá breithmheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe faoin gceannteideal Aeráid áirithe i **gCaibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid**.

### 2.3.6 An Plean Maolaithe Náisiúnta 2017

D'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaoil an chéad Phlean Maolaithe Náisiúnta i mí Iúil 2017. Tá an Plean ceaptha le bheith mar chur chuige uile-Rialtais chun dul i ngleic le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, go háirithe, sna príomhearnálacha i.e. giniúint leictreachais, an timpeallacht thógtha, iompar agus talmhaíocht. Is é cuspóir an Phlean seo Éire a athrú agus geilleagar ísealcharbóin, aeráid-díonach agus inchothaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chruthú faoi mbliain 2050.

Aithnítear sa Phlean Maolaithe Náisiúnta an t-idirchaidreamh idir patrúin lonnaíochta, iompair agus pleanáil úsáide talún, agus féachtar ann le réitigh a fháil chun freastal go héifeachtach ar an éileamh taistil ar bhealach a sheachnaíonn tranglam agus a chuireann teorainn le hastaíochtaí iompair.

Mar atá leagtha amach i **gCuid 2.3.5** thuas éascaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe cur i bhfeidhm éifeachtach Straitéis Iompair na Gaillimhe agus chuige sin tacaíonn sí le prionsabail an Phlean Maolaithe Náisiúnta, fiú ag ceadú aon trácht mhéadaithe a ghintear de bharr na forbartha bóithre atá beartaithe.

Tá breithmheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe faoin gceannteideal Aeráid áirithe i **gCaibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid**.

### 2.3.7 An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta (2007-2016) agus Nuashonraithe 2015-2017

Sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 (PGNchuimsiú) sainaithníodh raon leathan gníomhaíochtaí agus idirghabhálacha spriocdhírithe chun an cuspóir foriomlán maidir le bochtaineacht leanúnach a laghdú a bhaint amach.

Tugadh tús áite sa phlean do 12 sprioc ardleibhéil agus sainaithníodh suas le 150 gníomh thar Ranna agus gníomhaireachtaí a raibh saindualgas orthu ó thaobh beartas sóisialta, mar chuid de chur chuige straitéiseach chun tionchar cinnte a imirt ar bhochtaineacht thar an tréimhse go 2016.

I measc na spriocanna agus na ngníomhartha ábhartha atá leagtha síos sa PGNchuimsiú ina ndéantar tagairt d'inrochtaineacht níos fearr do gach earnáil den phobal, feabhsuithe ar iompar poiblí (cuid 3.1 Fís), rochtain níos fearr ar iompar poiblí (Cuid 5.6.3 Cuid 4.1 Fís, Cuid 5.1 Fís), rochtain ar fhoirgnimh agus ar bhonneagar (Cuid 5.6.2), feabhsuithe ar sholáthar iompair faoin tuath (Cuid 6.3.7).

Mar thoradh ar chúrsaí éagsúla i gcomhthéacsanna eacnamaíocha, sóisialta agus polaitiúla, chuaigh spriocanna agus gníomhartha áirithe den PGNchuimsiú as dáta nó ní raibh siad chomh hábhartha de réir mar a chuaigh an t-am ar aghaidh. Tugadh le fios i dtosaíochtaí agus i mbeartais reatha go raibh gá nuashonrú a dhéanamh ar PGNchuimsiú don dá bhliain a bhí fágtha aige 2015-2016 agus go gcaithfí síneadh bliain amháin a chur ar an bPlean ag teacht le hathbhreithnithe eile gaolmhara ar an Straitéis ar leibhéal Rialtais. Rinneadh an próiseas nuashonraithe mar bheart idirthréimhseach ag feitheamh ar athbhreithniú iomlán ar PGNchuimsiú in 2017.

Soláthróidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe an bonneagar riachtanach le haghaidh trácht straitéiseach a dhéanann rochtain ar Ghaillimh agus ar Réigiún an Iarthair. Leis sin freisin beifear in ann tionscadail phoiblí eile a chur i gcrích agus éascaíonn sé cur i bhfeidhm éifeachtach Straitéis Iompair na Gaillimhe ina n-áirítear iompar poiblí níos fearr, bearta siúil agus rothaíochta do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird. Tá mionsonraí breise maidir leis sin i **gCaibidil 3, An Gá atá leis an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe**.

## 2.4 Beartais, Treoir agus Cuspóirí Réigiúnacha

### 2.4.1 Na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí (TPRanna) le haghaidh Réigiún an Iarthair (2010-2022)

Leagtar amach i *dTreoirlínte Pleanála Réigiúnaí (TPRanna) le haghaidh Réigiún an Iarthair 2010 – 2022* (a glacadh in 2010) an treo atá beartaithe i gcomhair fáis le haghaidh Réigiún an Iarthair, laistigh den áit ina bhfuil Contae agus Cathair na Gaillimhe lonnaithe, suas go dtí 2022 trí éifeacht réigiúnach a thabhairt do bheartas pleanála náisiúnta faoin Straitéis Spáis Náisiúnta. Treoraíonn na TPRanna Pleananna Cathrach agus Contae gach ceann de na Comhairlí i Réigiún an Iarthair, ina gcuimsítear Cathair na Gaillimhe agus Contae na Gaillimhe, Ros Comáin, Maigh Eo.

Aithnítear sna TPRanna go bhfuil acmhainn shuntasach agus luachmhar i Réigiún an Iarthair ina thimpeallacht oidhreachta nádúrtha le raon speiceas agus gnáthóg leathan éagsúil a bhfuil tábhacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta leo, agus feabhsaíonn siad cáilíocht na beatha ach léiríonn siad freisin dúshlán i ndáiríre maidir le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

Tugtar aitheantas sna TPRanna go raibh deacrachtaí ag Réigiún an Iarthair roimhe seo mar gheall é a bheith ar an imeall feadh bhord farraige an Atlantaigh agus ar

imeall AE. Ionas go mbainfidh Réigiún an Iarthair mais chriticiúil agus fás amach agus sa deireadh thiar conair forbartha mhalartach ar chonair an chósta thoir, teastaíonn naisc láidre cumarsáide chun an bóthar, iarnród agus naisc aeir dea-fhorbartha a bhaint amach toisc gur príomhspreagthaí iad le haghaidh fás 'conaire'.

Leagtar amach go sonrach i gCuid 3.5.2 de na TPRanna, an gá atá le laghdú ar chostais iompair trí na líonraí bóthair a fheabhsú go háirithe an *M6 agus Seachbhóthar ionchais na Gaillimhe* mar chuid d'fhorbairt eacnamaíoch an réigiúin. Tugtar achoimre i gCuid 5.2.1 de na TPRanna ar na tosaíochtaí bóthair atá riachtanach don Réigiún, lena n-áirítear *Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe.*

Mar a thugtar le fios thuas, tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe riachtanach chun tacú le téarnamh eacnamaíoch agus le fás inbhuanaithe Réigiún an Iarthair trí chéile lena mbaineann leas poiblí uileghabhálach ar leibhéal náisiúnta de réir mar a bhogann an tír i dtreo fás agus téarnamh inbhuanaithe.

#### 2.4.1.1 Comhthionóil Réigiúnacha Nua

Tháinig trí Chomhthionól Réigiúnacha nua ar an bhfód an 1 Eanáir 2015, is iad sin Comhthionóil Réigiúnacha an Tuaiscirt agus an Iarthair (a bhaineann le Gaillimh), Lár Tíre agus an Oirthir agus an Deiscirt, ag éirí as achtú an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 agus Putting People First – Plean Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach. Cuimsíodh Gaillimh agus Réigiún an Iarthair i gComhthionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.

Ag an am céanna a foilsíodh an dréacht-Chreat Náisiúnta Pleanála i mí na Samhna 2017, thosaigh trí Chomhthionól Réigiúnacha den 31 údarás áitiúil ar fad ar fud na tíre ag ullmhú Straitéisí Spáis agus Eacnamaíocha Réigiúnacha (SSER), a ceapadh i bhfianaise an NPF ach a leathnaíonn an cur chuige ar leibhéil níos mionsonraithe chun pleanáil áitiúil agus forbairt gheilleagrach a mhúnlú i ngach limistéar údaráis áitiúil.

D'fhoilsigh gach Comhthionól Réigiúnach Páipéar Buncheisteanna ar mhaithe le comhairliúchán poiblí (rinneadh na haighneachtaí roimh an 16 Feabhra 2018). Tá na príomhshaincheisteanna spáis agus eacnamaíochta a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu leagtha amach i bPáipéar Buncheisteanna Chomhthionól Réigiún an Tuaiscirt & an Iarthair (NWRA), le tagairt don Chreat Náisiúnta Pleanála. Áirítear leo saincheisteanna mar shuíomh forbartha, soláthar bonneagar lena n-áirítear iompar, soláthar saoráidí oideachais agus cúraim sláinte, forbairt eacnamaíoch agus feidhmíocht eacnamaíoch réigiúnach.

Beidh ullmhú Plean Straitéiseach do Cheantar Cathrach comhordaithe (MASP) do Ghaillimh mar phríomhfhócas don RSES (agus b'fhéidir do shuíomhanna uirbeacha eile atá aitheanta freisin). Déanfar "*fothaca reachtúil chun gníomhú mar chreata pleanála agus infheistíochta straitéiseacha dhá bhliain déag do limistéir cathrach Chathair na Gaillimhe*" a sholáthar don MASP. Is é an cuspóir a bheidh ag MASP "*fócas forbartha straitéiseach ardleibhéil san fhadtéarma a sholáthar, díriú ar réimsí ar nós limistéir fáis straitéiseacha a aithint, bonneagar (go háirithe seirbhísí iompair agus uisce), athghiniúint, suíomh tithíochta agus taitneamhachtaí fostaíochta ar scála cathrach a aithint mar shampla páirceanna réigiúnacha agus líonraí rothaíochta.*" (féach cuid 2.1.1 de Pháipéar Buncheisteanna an NWRA).

Déanann an RSES iarracht freisin feidhmíocht réigiúnach a fheabhsú trí láidreachtaí agus deiseanna réigiúnacha a aithint agus aithnítear bonn fostaíochta láidir an Réigiúin, idir oibríochtaí ilnáisiúnta agus SMEanna araon, chomh maith le bonn oideachais láidir an Réigiúin, (OÉ Gaillimh aitheanta i measc an 1% is airde d'ollscoileanna ar fud an domhain). Aithnítear freisin "*na sócmhainní comhshaoil a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo*" sa Réigiún, agus "*an fonn atá ann na sócmhainní sin a chosaint mar gheall ar an luach atá leo*" don tslí mhaireachtála agus do gheilleagar an Réigiúin (aitheanta mar go bhfuil tábhacht leo don turasóireacht), chomh maith leis an luach intreach (féach codanna 3,4 agus 5 den Pháipéar Bunceisteanna).

I measc na "dtosaíochtaí Ríthábhachtacha Cumasaithe Bonneagair" don Réigiún atá aitheanta ag NWRA mar nithe atá "*thar a bheith tábhachtach do chumas*" na n-ollionad uirbeach chun leas a bhaint as poitéinseal agus "*gníomhú mar thiománaithe Réigiúnacha*" tá tabhairt chun críche Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6, agus feidhmiú iomlán Straitéis Iompair na Gaillimhe (féach cuid 6.3 den Pháipéar Buncheisteanna).

Tugtar le fios i bPáipéar Buncheisteanna NWRA go bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe ríthábhachtach maidir le chomh maith agus a éireoidh leis an Réigiún ó thaobh spáis agus eacnamaíochta.

## 2.5 Beartais, Treoir agus Cuspóirí Áitiúla

Cuimsítear san fhorbairt bóthair atá beartaithe dhá limistéar údarás áitiúil, is iad sin Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe araon tiomanta do dhlús a chur faoi sheachadadh agus úsáid an iompair phoiblí chun fás a sholáthar agus caighdeán maireachtála a fheabhsú ina gcontae. Tacaíonn Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 agus Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 CCNG an N6 atá beartaithe mar chuid den SIG, an straitéis iompair fhoriomlán.

### 2.5.1 Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) 2016

D'ullmhaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair, Straitéis Iompair na Gaillimhe a bhfuil sé mar aidhm léi dul i ngleic le riachtanais iompair Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird, anois agus sa todhchaí, lena n-áirítear Bearna, Órán Mór, Maigh Cuilinn agus Baile Chláir na Gaillimhe. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair an comhlacht náisiúnta atá freagrach as iompar poiblí agus tá sé tiomanta go hiomlán do réiteach iompair inbhuanaithe a chur ar fáil do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird. De réir mar a leanann Cathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird ag forbairt mar phríomhionad eacnamaíoch ag freastal ar Iarthar na hÉireann, tá géarghá dul i ngleic leis na saincheisteanna iompair atá os comhair na cathrach agus na limistéir máguaird, agus a bheith mar thaca le fás sa todhchaí trí straitéis fhadtéarmach a bhunú i gcomhair iompair chuig an gcathair, ar fud na cathrach, laistigh de agus timpeall uirthi.

Cé go bhfuil croílár na Gaillimhe insiúlta go dlúth, lasmuigh de lár na cathrach, tháinig fás ar na bruachbhailte mar shraith limistéar cónaithe agus fostaíochta ar dhlús íseal, rud a fhágann go bhfuil carranna príobháideacha á n-úsáid mar phríomh-mhodh taistil thar aon mhodh eile. Mar thoradh air sin, tá éifeacht mhór ag na deacrachtaí iompair atáthar a fheiceáil ar fud na cathrach faoi láthair, go háirithe ag buaicthréimhsí taistil, ar chaighdeán saoil na n-áitritheoirí, agus tá tionchar aige freisin ar fheidhmiúlacht eacnamaíoch na cathrach.

Cuimsítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) roinnt beart atá cuimsithe faoi fhís fhoriomlán *"chun réigiún cathrach nasctha a chruthú á tiomáint ag soghluaisteacht níos cliste"*. Tógann SIG ar staidéir iompair a rinneadh roimhe seo le haghaidh Réigiún na Gaillimhe, agus leagtar síos léargas ar na gníomhartha agus bearta atá beartaithe le cur i bhfeidhm, a chumhdaíonn gnéithe bonneagair, oibríochta agus beartais (mar 'Chlár Bainistíochta Iompair Comhtháite'). Tabharfaidh na tograí comhdhlúite seo creat forfheidhmithe soiléir do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird le haghaidh an scór bliain seo amach romhainn agus úsáidfear é chun maoiniú a fháil le tionscadail a sheachadadh ar bhealach céimithe bunaithe ar riachtanais a bhfuil tosaíocht acu. Go bunúsach, beidh SIG mar bhonn taca ag cuspóirí Phleananna Forbartha Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe anois agus sa todhchaí.

Cuimsítear leis na mórchodanna atá beartaithe faoi SIG:

- athruithe ar an líonra tráchta, lena n-áirítear soláthar conair nua ceangail iompair phoiblí trasna na cathrach, agus Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (an fhorbairt bóthair atá beartaithe), agus athdháileadh spáis bóthair chun tús áite a thabhairt do shiúl, rothaíocht, iompar poiblí
- líonra iompair phoiblí áitiúil níos fearr agus seirbhís iompair phoiblí réigiúnach dírithe ar sheirbhís bus ardchaighdeáin, fheabhsaithe, chomhtháite
- soláthar Ghlasbhealach Bhearna, Rotharbhealach Chathair na Gaillimhe go hÓrán Mór (cuid de Rotharbhealach na Gaillimhe go Baile Átha Cliath) agus Glasbhealach na Gaillimhe go hUachtar Ard
- raon feabhsuithe eile breise do rothaithe, do choisithe agus sa réimse poiblí lena n-áirítear roghanna méadaithe i gcomhair rothaíochta i lár na cathrach agus ar fud lár na cathrach, saoráidí níos fearr do choisithe, tús áite do choisithe agus aimsiú agus inléiteacht bealaí
- bearta comhlántacha lena n-áirítear bearta oideachais agus athrú iompraíochta agus infheistíocht leanúnach i Réitigh Iompair Chliste chun éifeachtúlacht, sábháilteacht agus comhordú a mhéadú thar líonraí iompair (Soghluaisteacht Chliste), agus béim bhreise ar úsáid talún agus ar chomhtháthú iompair

Léiríonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe príomhghné de SIG ó thaobh pleanáil do riachtanais iompair Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird sa todhchaí. Le SIG, ina bhfuil CCNG an N6 ionchorpraithe ann, tabharfar deis don chathair 'análú' arís.

Tugann sé turas breise ar Abhainn na Gaillimhe, rud a éascaíonn laghdú tranglaim ar bhóithre i lár na cathrach, agus bítear in ann spás bóthair a athdháileadh i líonra na cathrach do mhodhanna iompair cairr neamh-phríobháidigh, rud a fheabhsaíonn

dá réir sin tarraingteacht modhanna iompair neamh-chairr sa chathair le haghaidh aistear gearr agus measartha fada. Tá mionsonraí breise maidir leis sin i **gCaibidil 3, An Gá atá leis an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe**.

### 2.5.2 Comhairle Cathrach na Gaillimhe

#### 2.5.2.1 Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023

Leagann Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 arna athrú, ar a dtabharfar an Plean Forbartha Cathrach ina dhiaidh seo, beartais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe síos le haghaidh forbairt inbhuanaithe Chathair na Gaillimhe go 2023. Leagtar síos ann san fhís le haghaidh Chathair na Gaillimhe *"a bheith mar lárionad réigiúnach rathúil, inbhuanaithe, iomaíoch a chruthaíonn rathúnas, a thacaíonn le hardchaighdeán saoil agus a choinníonn a haitheantas ar leith agus a thacaíonn le heispéireas cultúrtha saibhir."*

Tá na spriocanna straitéiseacha don chathair chun an fhís sin a bhaint amach leagtha amach mar:

1. Ardchaighdeán saoil a bhaint amach do gach saoránach trí thimpeallacht thógtha ar chaighdeán maith agus tarraingteach a sholáthar, ach an comhshaol sainiúil nádúrtha a chosaint agus príomhthacaíochtaí eacnamaíocha, cultúrtha agus sóisialta a éascú
2. Cur ar chumas na cathrach a ról mar Gheata Náisiúnta agus lárionad Réigiúnach a chomhlíonadh agus rannchuidiú leis an téarnamh eacnamaíoch trí dheiseanna eacnamaíocha cothrom agus inbhuanaithe a sholáthar i gcomhair fáis, nuálaíochta agus infheistíochta thar gach earnáil fostaíochta agus ligean do ról an Gheata láidreachtaí Réigiún an Iarthair a chothú agus forbairt eacnamaíoch don réigiún iomlán a uasmhéadú
3. Laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur chun cinn trí bhearta forghníomhacha ag teacht le tiomantais AE dul i ngleic le hathrú aeráide agus leochaileacht do dhrochthionchar an athraithe aeráide a laghdú, go háirithe cúngracht ar leibhéal na farraige agus teagmhais eisceachtúla aimsire, trí bhearta oiriúnacha sonracha
4. Prionsabal na hinbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm go háirithe nuair a bhaineann sé le húsáidí talún, foirgneamh, uisce, fuinneamh, dramhaíola agus trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a spreagadh agus iompar a chomhtháthú le húsáid talún
5. A bheith ag tnúth le cathair chothrom agus uilechuimsitheach a dhéanamh de Ghaillimh, go háirithe trí gach cineál cuimsiú sóisialta a éascú sa timpeallacht thógtha, lena n-áirítear sa réimse poiblí, tithíocht, saoráidí pobail, ó thaobh rochtain ar dheiseanna fostaíochta agus ar iompar poiblí
6. Cosaint don timpeallacht nádúrtha leithleach agus éagsúil sa chathair agus an líonra glas agus naisc a neartú, ag aithint luach bithéagsúlachta na háise, raon na mbuntáistí áineasa a sholáthraíonn sé sin, agus an cumas is féidir léi a bheith aici, trí shlite maireachtála gníomhacha agus folláine a éascú, ar

chaighdeán na sláinte agus na folláine ginearálta agus an luach atá aici chun socrú tarraingteach cathrach a sholáthar

7. Braistint comhaitheantais agus fís chomhroinnte a spreagadh trí rannpháirtíocht shibhialta ar thionscadail cosúil le Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil le haghaidh na Gaillimhe agus freisin maidir le tionscadail spriocdhírithe a chur chun cinn cosúil le Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, a chuirfidh chun cinn foirm agus tréithe speisialta na cathrach, a thabharfaidh deiseanna chun bonneagar cultúrtha, pobail agus tairbheach eile a chur chun cinn agus geilleagar na cathrach a fheabhsú agus a éagsúlú (bhain Cathair na Gaillimhe ainmniúchán mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 amach i mí Iúil 2016)

Áirítear le Príomhstraitéis Phlean Forbartha na Cathrach go leanfaidh Gaillimh a bheith ina ionad fáis réigiúnach agus go gcaithfear sineirgí a chruthú do shaibhreas níos leithne do Réigiún an Iarthair. Dírítear ar phríomhionaid athghiniúna a fhorbairt i lár na cathrach chun "*príomhról lár na cathrach i gCathair na Gaillimhe agus i Réigiún an Gheata*" a atreisiú araon. Luaitear sa Straitéis go bhfuil cion suntasach d'fhorbairt chónaithe nua agus fás ar an daonra i gCeantar na nArdán den chathair (féach **Cuid 2.5.2.2** thíos), agus admhaítear go "*d'thiocfaidh fás ar cheantair chónaithe eile den chathair ach ag ráta níos srianta agus chun teacht le nádúr bunaithe na forbartha*". Ainmnítear na príomhionaid tráchtála, miondíola agus gníomhaíochaí pobail áitiúla a bheith lonnaithe "*chun comhordú le príomhról lár na cathrach*". (Cuid 1.4 Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe).

Faigheann an Phríomhstraitéis tuilleadh tacaíochta agus treoir ó Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) mar atá leagtha amach i **gCuid 2.5.1** thuas.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis iompair don chathair sa Phlean Forbartha Cathrach *"úsáid talún agus iompair inbhuanaithe a chomhtháthú, rochtain agus rogha ar raon modhanna iompair a éascú, a bheith inrochtana do gach cuid den phobal a chinntíonn sábháilteacht agus éascaíocht gluaiseacht chuig an gcathair agus laistigh de agus nascacht ar aghaidh chuig limistéar níos leithne Chontae na Gaillimhe agus Réigiún an Iarthair."* Tugtar ar aird i bPlean Forbartha na Cathrach cé go ndearna cur i bhfeidhm na mbeart éagsúil a eascraíonn ó Aonad Iompair na Gaillimhe feabhsúcháin ar an líonra iompair, *"tá tranglam mhór tráchta ann fós a mbíonn tionchar aige ar chaighdeán saoil daoine agus ar gheilleagar na cathrach, agus ar ról réigiúnach na Gaillimhe mar Gheata Tairsí"*.

Tugtar cuntas ar na saincheisteanna sin i bPlean Forbartha na Cathrach agus rinneadh measúnú orthu nuair a bhí Straitéis Iompair na Gaillimhe 2016 á hullmhú (féach **gCuid 2.5.1** thuas), arna hullmhú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Chuige sin, cuimsítear i bPlean Forbartha na Cathrach Beartas 3.3 de Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) a bhfuil sé mar aidhm léi *"Leanúint ag cur réiteach iompair inbhuanaithe chun cinn don chathair trí bhearta atá áirithe sa straitéis a chur i bhfeidhm agus tionscadail tacaíochta riachtanacha go háirithe tionscadal CCNG an N6".*

Cuimsítear freisin sa Phlean Forbartha Cathrach, SIG trí bheartais agus forálacha eile lena n-áirítear Beartas 3.2 Úsáid Talún agus Iompar

*"Forbairt Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird a éascú laistigh de chreat straitéiseach Straitéis Iompair na Gaillimhe agus an chéimniú forfheidhmithe gaolmhar lena chinntiú go bhfuil an bonneagar iompair agus na seirbhísí is gá sa chathair chun tacú lena fás agus lena forbairt leanúnach."*

I measc na mbeartas eile sa Phlean a chomhtháthaíonn SIG le cuspóirí na Cathrach tá siad seo a leanas:

- Beartas 3.4 An Líonra Tráchta, ina dtagraítear go sonrach do thionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCNG) trí "...thacú le caomhnú bealach conaire chun freastal ar chuar-bhealach de réir mar a fhoráiltear i dtionscadal CCNG an N6."
- Beartas 3.5 Iompar Poiblí
- Beartas 3.6 Rothaíocht agus Siúl
- Beartas 3.7 Líonra Bóthair agus Sráid agus Inrochtaineacht, a thacaíonn go sonrach freisin le CCNG an N6
- Beartas 3.10 Cuirtear béim in Cuspóirí Sonracha ar phrionsabail agus ar chuspóirí SIG, agus déantar tagairt shonrach do CCNG an N6
- An Straitéis Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha (Caibidil 5) ina gcuimsítear tagairt shonrach do sheachadadh SIG agus CCNG an N6, d'fhonn "Feidhmíocht eacnamaíoch na Gaillimhe a fheabhsú mar Gheata Tairsí agus mar lárionad fáis réigiúnach..."
- Tacaíonn Beartas 5.1 Fiontar le "cur i bhfeidhm phlean céimithe na mbeart iompair mar atá molta i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) lena n-áirítear i gcomhair iompair phoiblí, siúlóide agus rothaíochta, agus bóthar nua straitéiseach, CCNG an N6"
- Cuimsítear i gCuid 8.7 Dearadh Uirbeach sa Réimse Poiblí prionsabail agus cuspóirí SIG i dtaca le caighdeán agus eispéireas an réimse poiblí agus thimpeallacht na cathrach a fheabhsú
- Déantar machnamh i gCaibidil 10 Lár na Cathrach/Pleananna Limistéar-Bhunaithe ar phrionsabail agus ar chuspóirí SIG, lena n-áirítear seachadadh CCNG an N6 beartaithe, agus an cumas dá bharr sin le haghaidh feabhsuithe ar an réimse poiblí agus ar an timpeallacht uirbeach ar fud lár na cathrach, agus saoráidí, líonraí agus naisc níos fearr do choisithe agus do rothaithe
- Luaitear i gCaibidil 11 Polasaithe agus Cuspóirí Criosú Úsáide Talún, Cuid 11.2 Criosú Úsáide Talún Ginearálta "Tabharfar tús áite do chaomhnú Chonair Bhealach Roghnaithe CCNG an N6 agus na ceanglais talún gaolmhara thar chriosuithe úsáide talún agus cuspóirí sonracha eile"

Is é Straitéis Iompair fhoriomlán Phlean Forbartha na Cathrach:

- Tacú le comhtháthú na húsáide talún agus an iompair agus é a éascú

- Tacú le Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) agus leis an gclár forfheidhmithe gaolmhar a chuirfidh líonra iompair poiblí ar ardchaighdeán ar fáil, agus úsáid modhanna iompair inbhuanaithe eile a spreagadh
- Tacú leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le Bonneagar Iompair Éireann d'fhonn réiteach iompair a fhorbairt chun dul i ngleic leis an tranglam reatha ar an líonra bóithre agus an droch-thionchar atá ag trácht feithiclí ar fheidhmiú agus ar eispéireas lár na cathrach a laghdú agus gluaiseachtaí straitéiseacha i dtreo na cathrach, trasna na cathrach, trasna an chontae agus soir-siar
- Tacú leis an laghdú in astaíochtaí gás ceaptha teasa trí úsáid talún agus iompar inbhuanaithe a chur chun cinn

Déanann Plean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 comhtháthú iomlán ar aidhmeanna, cuspóirí, agus ar straitéisí SIG isteach i bpríomhbheartais agus straitéisí, ina n-áirítear an fhorbairt bóthair atá beartaithe.

### 2.5.2.2 Plean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024

Tá Dréachtphlean Ceantair Áitiúil (LAP) ullmhaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le talamh atá lonnaithe sa cheantar ar a dtugtar Na hArdáin ar chliathán thoir na cathrach (164ha), thart ar 5km ó lár na cathrach. Bhí an Dréacht LAP faoi réir thréimhse chomhairliúcháin phoiblí ón 7 Meán Fómhair go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2017. Bhí sé faoi réir athruithe ábhartha eile freisin, agus b'éigean iad a chur faoi chomhairle an phobail le linn Eanáir – Feabhra 2018 agus glacadh leis an bPlean in Aibreán 2018.

Aithnítear i bPríomhstraitéis Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 na hArdáin "*mar phríomhcheantar forbartha a fhéadfaidh freastal ar fhás san fhadtéarma ar an daonra, ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ar dheiseanna fostaíochta.*"(Cuid 1.1 Dréacht LAP na nArdán), agus is cuspóir sonrach den Phlean Forbartha ullmhú an LAP don cheantar (Beartas 8.7). Tacaíonn sé sin le beartas pleanála réigiúnach toisc "*go mbreithnítear le Treoirlínte Pleanála do Réigiún an Iarthair 2010-2020 gur ionann Ceantar na nArdán agus an príomhcheantar fáis sa chathair agus sa cheantar máguaird*" (LAP 1.3).

Déantar iarracht leis an LAP an coincheap den sráidbhaile uirbeach a sheachadadh, le príomhionad an tsráidbhaile uirbigh sa chuid ó dheas de na hArdáin i.e. ó dheas de chonair an N6/M6, agus dhá nód uirbeach/ionad áitiúil ó thuaidh den chonair seo, ag nascadh leis na ceantair máguaird lena n-áirítear Sráidbhaile Chúil Each mar atá. Samhlaítear go bhféadfaidh an ceantar tacú le daonra os cionn 8,000 duine agus feidhmiú freisin mar cheantar ilchineálach gnó agus miondíola (LAP Cuid 1.2).

Tacaíonn Sprioc Straitéiseach 4 den LAP (Cuid 3) le bealaí iompair inbhuanaithe a fhorbairt mar atá beartaithe i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe agus i Straitéis Iompair na Gaillimhe. Faigheann an Sprioc Straitéiseach sin tuilleadh tacaíochta ón mbeartas chun "*Idircheangailteacht a chur chun cinn idir gach bealach iompair, go háirithe bealaí iompair inbhuanaithe agus pobail chun nasc éifeachtúil a dhéanamh idir na hArdáin agus na príomh-mhoil gníomhaíochta lena n-áirítear lár na cathrach de réir an GTS".* Faigheann sé sin tuilleadh tacaíochta i gCuid 4.5 den LAP le príomhchuspóir chun "*Tacú agus éascú le soláthar líonra*

*iompair phoiblí lánpháirtithe chun seirbhísí a chur ar fáil sna hArdáin trí Straitéis Iompair na Gaillimhe a fheidhmiú agus i gcomhar leis na soláthróirí iompair ábhartha, NTA agus páirtithe leasmhara eile."*

Coimeádann an LAP seo an conair bealaí is fearr den fhorbairt bóthair atá beartaithe mar go dtéann sé trí cheantar an LAP, mar a luaitear i gcuspóirí Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe, Cuid 1.4 agus Cuid 3.10.

Aithníonn straitéis forbartha an LAP agus tagann sé le Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe, le Straitéis Iompair na Gaillimhe agus leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

## 2.5.3 Comhairle Chontae na Gaillimhe

### 2.5.3.1 Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021

Leagtar amach i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe (2015-2021) ina gcuimsítear Éagsúlú chun SIG a ionchorprú, dá dtagrófar ina dhiaidh seo mar Plean Forbartha an Chontae, na hionchais le haghaidh Chontae na Gaillimhe laistigh dá shaolré agus gairid amach anseo. Mar a tugadh ar aird i gcúlra an phlean, tá sé mar aidhm aige *"straitéis fhoriomlán a leagan amach le haghaidh pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe limistéar feidhmiúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe"*. Agus tagairt á déanamh do bheartais áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha leagtar amach sa phlean na príomhstraitéisí don Chontae sna réimsí seo a leanas:

- Straitéis Spáis, Straitéis Láir & Lonnaíochta, lena n-áirítear chun talamh a fhorbairt sna hArdáin mar chuid de straitéis forbartha na Cathrach agus an Chontae
- Tithíocht Uirbeach & Tuaithe
- Turasóireacht Eacnamaíoch & Forbairt Miondíola
- Bóithre & Iompar
- Uisce, Dramhuisce, Bainistíocht Dramhaíola & Tionscal Eastóscach
- Fuinneamh/Fuinneamh Inathnuaite & Teicneolaíocht Cumarsáide
- Athrú Aeráide & Tuilte
- Bainistiú Oidhreachta, Tírdhreacha agus Comhshaoil
- Forbairt Chultúrtha, Shóisialta agus Pobail
- Talmhaíocht, Iascaireacht, Acmhainní Muirí & Foraoiseacht

Socraítear freisin i bPlean Forbartha an Chontae an fhís don Chontae arb é "*caighdeán maireachtála mhuintir na Gaillimhe a fheabhsú agus an Contae a choimeád mar áit tharraingteach uathúil le maireachtáil ann, le bheith ag obair ann agus le cuairt a thabhairt uirthi, ag baint leasa as an bpoitéinseal atá ag buntáistí iomaíocha an chontae ar bhealach inbhuanaithe agus a bhreathnaíonn amach don chomhshaol"*.

I measc aidhmeanna straitéiseacha an Phlean Forbartha Contae (Tagair do Chuid 1.7) tá siad seo a leanas:

1. Forbairt réigiúnach agus fás a chur chun cinn trí bhuntáistí iomaíocha Chontae na Gaillimhe a chothú
2. Cosaint oiriúnach a thabhairt don chomhshaol
3. An tábhacht atá le tírdhreacha beo a aithint agus a chinntiú ag an am céanna go mbainistítear iad ar bhealach inbhuanaithe agus cuí
4. Forbairt uirbeach agus tuaithe chothrom a lorg
5. Forbairt pobail uileghabhálacha a spreagadh agus tacú leo
6. Forbairt lánpháirtithe a chinntiú
7. Soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn
8. An Ghaeltacht a chur chun cinn mar phobal a labhraíonn Gaeilge
9. Forbairt tionscadail bonneagair a éascú, a bheidh mar bhonn d'fhorbairt inbhuanaithe
10. An oidhreacht thógtha agus an timpeallacht nádúrtha a fheabhsú agus a chosaint
11. Cúrsaí athrú aeráide a lánpháirtiú i bpleanáil agus seachadadh chláir oibre

Is comhpháirt ollmhór de Phlean Forbartha an Chontae é prionsabal na forbartha inbhuanaithe atá léirithe i mbeartais agus i gcuspóirí an Phlean. Tacaíonn SIG leis an bPríomhstraitéis i bPlean Forbartha an Chontae agus faigheann sé treoir uaithi.

Coinnítear cuspóirí an Phlean Forbartha Contae roimhe sin i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 chun réiteach a fháil ar bhrú tráchta, chun nasc níos fearr a chur ar fáil as gach cuid den Chontae chuig an líonra trasnáisiúnta, agus chun leibhéil shábháilteachta a fheabhsú ar gach bóthar poiblí. "*Beidh comhtháthú na húsáide talún agus an iompair fós mar aidhm straitéiseach uileghabhálach Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021*" (Tagair do Chuid 5.1).

Luaitear freisin i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe "*go bhfuil soláthar caoithiúil ar bhonneagar iompair ardchaighdeáin laistigh de Chontae na Gaillimhe ríthábhachtach d'fhorbairt shocheacnamaíoch an Chontae agus chun féinleas sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn*". (Tagair do Chuid 5.1)

Áirítear le cuspóirí iompair Phlean Forbartha an Chontae (Cuid 5.1.1) na haidhmeanna straitéiseacha seo a leanas:

- *"Líonra iompair sábháilte agus éifeachtach a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais na ndaoine agus ar ghluaiseacht earraí agus seirbhísí chuig Contae na Gaillimhe agus laistigh de*
- *Rochtain a chur ar fáil do chách ar shlí comhtháite le rogha níos fearr iompair, an Clár Iompair Tuaithe san áireamh*
- *An úsáid a bhaintear as roghanna inbhuanaithe iompair eile a chur chun cinn agus a spreagadh agus an úsáid a bhaintear as fuinneamh taistil ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn*
- *Feidhm iompair straitéiseach agus cumas iompair an mhótarbhealaigh agus an líonra bóthair náisiúnta agus na hacomhail ghaolmhara a chosaint chun go mbeidh gluaiseacht na tráchta idiruirbeach agus idir-réigiúnach sábháilte ann"*

Maidir le Geata na Gaillimhe agus iarthar an Chontae, cuimsítear cuspóirí i bPlean Forbartha an Contae chun nascacht agus rochtain a fheabhsú ar fud an réigiúin, agus chun riachtanais iompair Gheata na Gaillimhe, an cheantair máguaird agus iarthar an Chontae a sheachadadh, de réir Bheartas TI2 agus TI8 agus Cuspóir TI 15, mar seo a leanas:

*Beartas TI 2 – Córas Iompair Lánpháirtithe agus Inbhuanaithe a Fhorbairt*

*Is é beartas na Comhairle forbairt chóras iompair ardchaighdeáin lánpháirtithe agus inbhuanaithe a chur chun cinn don chontae, ina gcuimsítear na réimsí sonracha a aithníodh i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG), a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:*

a) *Comhordú níos daingne a chur chun cinn idir úsáid talún agus iompar inbhuanaithe;*

b) *Leanúint le raon roghanna iompair a chur ar fáil laistigh de Ghaillimh agus i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, gníomhaireachtaí reachtúla agus soláthróirí iompair eile, lena n-áirítear líonra bóthair sábháilte, raon seirbhísí bus agus iarnróid, saoráidí leordhóthanacha siúlóide agus rothaíochta agus deiseanna do thaisteal aeir agus uisce-bhunaithe.*

*Beartas TI 8 –Ceanglais Bonneagair Iompair don Gheata agus Iarthar an Chontae*

*Is é beartas Chomhairle Chontae na Gaillimhe oibriú i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus gach comhlacht reachtúil chun freagra oiriúnach bonneagair a fhorbairt i ndáil le riachtanais iompair Gheata na Gaillimhe, an ceantar mórthimpeall agus iarthar an Chontae mar chuid de na bearta atá molta i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) lena n-áirítear beartais cosanta comhshaoil ar leibhéal an phlean agus bearta maolaithe atá leagtha amach i SIG. Áireofar leis sin an fhoráil maidir le bonneagar nua cosúil le saoráidí páirceála agus taistil a d'fhéadfaí a chur ar bun, conairí bus, glasbhealaí, bealaí rothaíochta agus siúil agus Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCNG) le súil is trácht a mhaolú, amanna taistil a fheabhsú, sábháilteacht a mhéadú do gach úsáideoir bóthair agus ceangal agus rochtain laistigh den réigiún a fheabhsú agus teacht níos fearr a bheith ar réigiún an iarthair i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta. Beidh aird cuí ag gach réiteach den chineál seo ar an riachtanas an timpeallacht a chosaint agus comhlíonfaidh sé na riachtanais sa Treoir maidir le Gnáthóga*

*Cuspóir TI 1 – Iompar Inbhuanaithe*

*Tionscnaimh 'Taisteal Níos Cliste' atá i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) a thacú agus a éascú agus tionscnaimh eile mar aon leis na beartais cosanta comhshaoil ar leibhéal an phlean agus bearta maolaithe atá leagtha amach i SIG, a fheabhsóidh iompar inbhuanaithe taobh istigh den Chontae lena n-áirítear iompar poiblí, feithiclí leictreacha agus hibrideacha, clubanna carranna, scéimeanna rothar poiblí, saoráidí páirceála agus taistil/páirceála agus siúil, saoráidí níos fearr do choisithe agus do rothaithe, de réir mar is iomchuí.*

*Cuspóir TI 15 – Ceanglais Bonneagair Iompair don Gheata agus d'Iarthar an Chontae*

*Is cuspóir ag Comhairle Chontae na Gaillimhe oibriú le gach comhlacht cuí lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun feabhas riachtanach a dhéanamh ar bhonneagar iompair, lena n-áirítear bonneagar nua más gá agus na beartais cosanta comhshaoil agus na bearta maolaithe ar leibhéal an phlean atá leagtha síos i SIG. Áireofar leis sin bonneagar nua a sholáthar cosúil le saoráidí páirceála agus taistil a d'fhéadfaí a chur ar bun, conairí bus, glasbhealaí, bealaí rothaíochta agus siúil agus Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCNG) mar atá leagtha síos i gCuspóirí Bonneagair Iompair a bhfuil Tosaíocht Acu 2015-2021 i dTábla 5.1, cuspóirí atá lárnach i gcur ar fáil SIG d'fhonn forbairt eacnamaíoch agus shóisialta Gheata na Gaillimhe agus iarthar an Chontae a bhaint amach go meán agus go fadtéarmach. Tabharfar aird in aon infheistíocht nó togra dá leithéid ar an ngá atá ann an comhshaol a chosaint agus géillfear go hiomlán d'fhorálacha na reachtaíochta ábhartha, lena n-áirítear an Treoir maidir le Gnáthóga*

Tá na spriocanna feidhmíochta san fhorbairt bóthair atá beartaithe ar chomhchéim le haidhmeanna straitéiseacha Phlean Forbartha an Chontae toisc go n-áirítear na spriocanna seo a leanas iontu:

- Laghdú a dhéanamh ar thréimhsí aistir a chuirfidh forbairt réigiúnach chun cinn trí nascacht níos fearr ar mhargaí agus ar iontaofacht na dtréimhsí aistir
- Feabhas a chur ar nascacht chuig Geata na Gaillimhe trí naisc ardlín a sholáthar a nascfaidh an taobh thoir agus an taobh thiar den chontae
- Tacú le beartais iompair inbhuanaithe le haghaidh timaistear níos giorra lena mbeifear in ann tírdhreacha maireachtála níos fearr a chur ar fáil
- Cosaint a thabhairt do phobail chónaithe reatha agus an tionchar comhshaoil a íoslaghdú a d'fhéadfadh áit tharraingteach uathúil a dhéanamh de Ghaillimh mar áit chun cónaí ann, chun oibriú ann, chun infheistiú ann agus cuairt a thabhairt air, agus é sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe agus atá íogair don chomhshaol'

Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe áirithe ar cheann de na cuspóirí bonneagair iompair a bhfuil tosaíocht acu i bPlean Forbartha an Chontae agus tacaítear léi go huile agus go hiomlán sa phlean seo.

### 2.5.3.2 Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007-2017 (Arna ghlacadh an 17 Nollaig 2007 agus arna leasú an 20 Nollaig 2012)

Leagtar síos Fís Straitéiseach i bPlean Ceantair Áitiúil Bhearna (LAP) ionas go mbeidh Bearna '... *ina lonnaíocht tharraingteach, rathúil agus inbhuanaithe, agus beidh ard-chaighdeán oidhreacht thógtha agus nádúrtha, réimse seirbhísí, áiseanna agus taitneamhachtaí tacaíochta agus ard-chaighdeán saoil don phobal áitiúil ann.' Is í an fhís atá ann do Bhearna ná cruthú lonnaíochta a chur chun cinn, i measc nithe eile:*

- Atá nasctha go maith le lonnaíochtaí in aice láimhe, go háirithe Cathair na Gaillimhe san oirthear agus Na Forbacha san iarthar

- A bhfuil leibhéal cuí seirbhísí agus bonneagair aici chun tacú leis an bhforbairt atá ann anois agus a bheidh ann sa todhchaí ar bhealach a chosnaíonn agus a chomhlánaíonn le timpeallacht, oidhreacht, carachtar agus taitneamhachtaí an tsráidbhaile, lena n-áirítear: líonra bóthair dóthanach, láimhseáil tráchta agus áiseanna páirceála; iompar poiblí níos fearr le seirbhísí rialta bus; bealaí sábháilte do choisithe agus do rothaithe; agus diúscairt dhóthanach uisce fuíll agus draenáil uisce dromchla

Tugtar tacaíocht i bPlean Ceantair Áitiúil Bhearna ag Cuid 2.7 do bhóthar nua a ghabhfadh thar an tsráidbhaile, agus an tuairim luaite go mbeadh '…..*tionchar dearfach ag an mbealach seo ar Bhearna sa mhéid is go n-éascóidh sé rochtain éasca ar Bhearna agus ag an am céanna laghdóidh sé an méid tráchta a bhíonn ag dul tríd an sráidbhaile. Bheadh tionchar dearfach aige seo freisin ar lár an tsráidbhaile agus chabhródh sé timpeallacht atá níos báúla do rothaithe agus do choisithe a chruthú.*

Leagtar síos go soiléir i Straitéis Forbartha Phlean Ceantair Áitiúil Bhearna go dtacaítear le maoiniú agus le tógáil seachbhóthair de Bhearna a mbeidh an fhorbairt bóthair seo atá beartaithe mar chuid de anois.

Athraíodh Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe chun Plean Ceantair Áitiúil Bhearna a chur san áireamh. Lorgaíodh comhairliúchán poiblí ar an athrú, dá dtagraítear mar Athrú atá Beartaithe Uimh 2(a) do Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe (CDP) 2015-2021, le linn na tréimhse 1 Nollaig 2017 agus 8 Eanáir 2018.Glacadh leis an Athrú sin i mí Iúil 2018.

Tá sé mar Fhís Straitéiseach i gCuid 1.2 den Athrú ar Uimhir 2(a) Plean Bhearna, "*iarracht a dhéanamh na cuspóirí foriomlána atá leagtha amach don tsráidbhaile i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe a bhaint amach*". Tagraíonn na Cuspóirí Iompair agus Gluaiseachta atá leagtha amach san Athrú, do Chaibidil 5 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, mar atá leagtha amach i **gCuid 2.5.3.1** thuas. Is ionann an Ráiteas Físe Straitéiseach "*'Bearna a chur chun cinn mar shráidbhaile cois cósta atá inbhuanaithe agus bríomhar, a choimeádann a nádúr mealltach, a bhaineann leas as na láidreachtaí inrochtaineachta reatha agus sa todhchaí agus ag an am céanna ag tairiscint timpeallacht dheas do phobal atá ag dul i méid, le cónaí ann, le bheith ag siopadóireacht ann, don oideachas, gnó, caitheamh aimsire agus turasóireacht, iad go léir cothromaithe in aghaidh an ghá atá ann íogaireachtaí timpeallachta an cheantair a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe leis na glúnta reatha agus na glúnta amach romhainn'*. Tá sé seo bunaithe ar na treoirphrionsabail, a thagann leis na treoirphrionsabail in LAP Bhearna.

Tacaíonn an tAthrú seo, mar sin le cuspóirí foriomlána Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe agus dá réir sin le cuspóirí GTS agus na forbartha bóthair atá beartaithe.

### 2.5.3.3 Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta, 2008 – 2018

Is é Gaeltacht na Gaillimhe an ceantar is mó daonra de cheantair Ghaeltachta na tíre. Síneann sé ó Bhaile Chláir, atá taobh thoir de chathair na Gaillimhe go Cloch na Rón in iarthar Chonamara, fad thart ar 100km, agus ó Oileáin Árann ó thuaidh chomh fada le teorainn Mhaigh Eo. Ullmhaíodh Plean Ceantair Áitiúil na

Gaeltachta, 2008 - 2018 agus glacadh é i mí Feabhra 2008 agus leasaíodh agus leathnaíodh é in 2013.

Is é aidhm an phlean rialuithe agus treoirlínte a chur i bhfeidhm, a bheidh comhsheasmhach agus comhoiriúnach le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe, d'fhonn soláthar bonneagair a éascú ionas go spreagfar na glúnta óga fanacht ina n-áit dhúchais, má thograíonn siad sin a dhéanamh, agus a gheilleagar a fhorbairt ar bhealach a bheidh báúil don teanga agus don chultúr araon, rud a chuirfidh stop dá réir sin leis an meath ar an daonra. Leagtar síos i bPlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta na prionsabail maidir le forbairt straitéiseach a bhaineann le bonneagar bóithre agus iompair i **gCuid 3.3.2** agus sainaithnítear ann seachbhóthar de Chathair na Gaillimhe mar cheann a bhfuil tábhacht leis chun forbairt bhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch na Gaeltachta a chur chun cinn agus chun cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le pleanáil.

Tá aidhmeanna na forbartha bóthair atá beartaithe ar aon dul le Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta toisc go bhféachtar ann leis an mbonneagar breise riachtanach a sholáthar chun pobail tuaithe reatha a choimeád trí nascadh leo.

Athraíodh Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe chun Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta a chur san áireamh. Lorgaíodh comhairliúchán poiblí ar an athrú a bhí beartaithe, dá dtagraítear mar Athrú Beartaithe Uimh 2(b) do Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe (CDP) 2015-2021, le linn na tréimhse 1 Nollaig 2017 agus 8 Eanáir 2018. Glacadh leis an Athrú sin i mí na Bealtaine 2018.

Is ionann an Fhís Straitéiseach i gCuid 1.2 den Athrú ar Uimhir 2(b) Plean na Gaeltachta, "*Is áit uathúil agus speisialta é ceantar na Gaeltachta agus tá sé tábhachtach go gcoimeádfaí oidhreacht chultúir uathúil agus áilleacht nádúrtha na Gaeltachta trí phrionsabail forbartha inbhuanaithe, agus go bhfreastalófar ar riachtanais agus ar mhianta na gcónaitheoirí agus na gcuairteoirí araon ann. Bainfear amach cuspóirí Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe chun an geilleagar áitiúil a choinneáil agus a fhorbairt agus chun an caighdeán maireachtála a fheabhsú do chónaitheoirí áitiúla.*"

Tacaíonn an tAthrú seo le Plean Forbartha an Chontae agus le cuspóirí an phlean agus áirítear leo an fhorbairt bóthair atá beartaithe.

### 2.5.4 Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta, 2014-2017

Is iad seo a leanas príomhthéamaí straitéiseacha Phlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2014-2017:

1. Tacú le hacmhainní teanga, pobail agus cultúrtha agus iad a fhorbairt
2. Nuálaíocht agus iomaíochas a fheabhsú trí fhiontar agus acmhainní nádúrtha a fhorbairt

Tá ceithre chuspóir ag an bPlean faoi gach téama straitéiseach atá leagtha amach thuas, agus is iad na cuspóirí a bhaineann leis an dara téama de nuálaíocht agus iomaíochas na cinn is tábhachtaí anseo:

1. Cultúr láidir nuálach fiontraíochta a spreagadh a chruthóidh agus a choinneoidh saibhreas agus fostaíocht sa Ghaeltacht trí thacaíocht a thabhairt

do ghnóthaí nua agus bunaithe chun a gcuid fostaíochta a chothú agus a mhéadú

2. Deiseanna nua a fhorbairt d'acmhainní cósta na Gaeltachta trí nuálaíocht i dtimpeallacht eacnamaíoch atá ag athrú

3. Forbairt na turasóireachta a spreagadh mar thiománaí den fhorbairt eacnamaíoch sa Ghaeltacht

4. Soláthar bonneagar riachtanach a éascú d'fhonn cumas fiontraíochta na Gaeltachta a leathnú

De réir mar a fhéachtar le bonneagar riachtanach a sheachadadh i réigiún an iarthair leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, tá sé ar aon dul le Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta.

## 2.6 Conclúid

Mar atá leagtha amach sa **chaibidil seo**, tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe ag teacht le beartas iompair Eorpaigh, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus le beartas pleanála faoi láthair mar atá leagtha síos sna doiciméid beartais éagsúla le roinnt blianta anuas.

Le blianta beaga anuas, rinneadh aistriú mór i dtreo iompar inbhuanaithe rud atá léirithe sna beartais a pléadh níos túisce. Fágann déimeagrafaic athraithe inár sochaí áit a bhfuil an daonra ag imeacht chuig cathracha chun leas a bhaint as deiseanna fostaíochta, oideachas agus dálaí maireachtála níos fearr go bhfuil gá le líonra iompair atá go hiomlán inbhuanaithe a chur chun cinn. Tá athrú ó bhonn á dhéanamh ar ár gcathracha de réir mar a fhéachann siad a bheith ina spásanna cónaithe do dhaonra méadaithe agus iad dírithe i spás níos cuinge agus níos lú. Rud atá lárnach d'eispéireas uirbeach faoi bhláth is ea an cumas do bhealach a dhéanamh trí chathair ar do chaoithiúlacht féin cibé acu mar choisí, mar rothaí, nó i bhfeithicil. Dá bhrí sin, tá faoiseamh ó bhrú tráchta trí sholáthar spáis do charranna a athdháileadh i lár na cathrach do mhodhanna eile iompair fíorthábhachtach chun tuilleadh timpeallachtaí atá níos áisiúla do dhaoine a chruthú, spás poiblí breise, agus go bunúsach cathracha níos fearr.

Feidhmíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe chun brú tráchta a mhaolú sa chathair. Is cuid lárnach de Straitéis Iompair na Gaillimhe é ina bhféachtar le fís a chruthú do Ghaillimh áit ina ndéantar spás breise a athdháileadh i gcomhair iompair phoiblí, rothaíochta agus siúlóide i limistéar lár na cathrach, agus cothaíonn siad sin go léir iompraíochtaí inbhuanaithe agus folláine. Nuair a laghdaítear brú tráchta faigheann an chathair deis forbairt agus nascadh le margaí agus a bheith ina lárionad eacnamaíoch faoi bhláth, áit tharraingteach le bheith ag obair, ag cónaí agus ag súgradh. Tacaíonn cathair den sórt sin ansin le Réigiún an Iarthair agus cuireann sí forbairt réigiúnach chothrom ar fáil. Le SIG, ina bhfuil CCNG an N6 ionchorpraithe ann, tabharfar deis don chathair 'análú' arís.

## 2.7 Tagairtí

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. (2015) *Cur le Téarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016-2021.*

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. (2009) *Taisteal Níos Cliste, Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe, Beartas Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020.*

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. (2017) *Éire 2040 – Ár bPlean An Creat Náisiúnta Pleanála.*

An Roinn Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaoil. *An Plean Maolaithe Náisiúnta 2017.*

An Roinn ITS. (2015) *An Creat Infheistíochta Straitéisí i gcomhair Iompar ar Tír*

Comhairle Chontae na Gaillimhe. *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021.*

Comhairle Cathrach na Gaillimhe. *Plean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2017-2023.*

Údarás na Gaeltachta. (2005) *An Plean Forbartha Straitéiseach 2005-2010.*

Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2008) *Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018.*

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. *An Straitéis Spáis Náisiúnta d'Éirinn 2002-2020.*

An Coimisiún Eorpach: *Bonneagar - Líonra tras-Eorpach Iompartha - An Eoraip a Nascadh.*

Údarás Réigiúnach an Iarthair. (2010) *Na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010 – 2022.*

Forfás. (2012) *Forbhreathnú ar na Príomhshaincheisteanna Bonneagair d'Fhiontar.*

Forfás. (2010) *Cláir Oibre d'Iomaíochas Réigiúnach, Forbhreathnú, torthaí agus gníomhartha.*

Comhairle Chontae na Gaillimhe. *Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007-2017(arna leasú Nollaig 2012)*

Fáilte Éireann. (Feabhra 2016) *Feidhmíocht Turasóireachta Réigiúnaí in 2014.*

AECOM Mitchell & Associates. (2010) *Straitéis Siúil agus Rothaíochta Chathair na Gaillimhe agus an Cheantair Máguaird.*

MVA. (2010) *Staidéar Féidearthachta maidir le hIompar Poiblí i nGaillimh.*

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. (2015) *I dTreo Creat Náisiúnta Pleanála.*

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. (2015) *An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015.*

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2012) *Comhshaol na hÉireann 2012 – Measúnú.*

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2008) *Comhshaol na hÉireann 2008 – Measúnú.*

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2016) Réamh-mheastacháin maidir le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa go dtí 2020 – Nuashonrú Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, an tÚdarás Náisiúnta Iompair. (2016) Straitéis Iompair na Gaillimhe.

Comhairle an Aontais Eorpaigh. (2006) *Athbhreithniú ar Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe AE (SFI AE)* – Straitéis Athnuaite, 10917/06, An Bhruiséil.

Eurostat, *Forbairt Inbhuanaithe san Aontas Eorpach* http://ec.europa.eu/eurostat/documents/3217494/6975281/KS-GT-15-001-EN-N.pdf

An Coimisiún Eorpach (2010) An Eoraip 2020. *Straitéis i gcomhair fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach*, teachtaireacht ón gCoimisiún, COIM (2010) 2020 leagan deiridh, an Bhruiséil.

Forbairt inbhuanaithe a phríomhshruthú i mbeartais AE: Athbhreithniú 2009 an Aontais Eorpaigh Straitéis i gcomhair Forbairt Inbhuanaithe http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52009DC0400&from=EN

Fáilte Éireann *Feidhmíocht Turasóireachta Réigiúnaí de réir Contae 2015,* Deireadh Fómhair. 2016.

*Tionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe an N6,* Imleabhar 1A, Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh - Cuid 1, Márta 2016.

An Roinn Coimirce Sóisialaí. (2015) *Plean Gníomhaíochta Nuashonraithe um Chuimsiú Sóisialta 2015 –2017.*

An Roinn Coimirce Sóisialaí. (2007) *An Plean Gníomhaíochtaí Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007 –2016.*

Comhairle Cathrach na Gaillimhe. (2017) *Dréachtphlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024.*

Comhairle Cathrach na Gaillimhe. (2017) *Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024.*

Comhairle Cathrach na Gaillimhe. (Eanáir 2018) *Dréachtphlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024 le hAthruithe Ábhartha beartaithe.*

Comhthionól Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair (2017) *Páipéar Buncheisteanna Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach.*

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. (2018) *Tionscadal Éire 2040 An Creat Náisiúnta Pleanála.*

Rialtas na hÉireann. (2018) Tionscadal Éire 2040 An Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027.